LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# 2020

**Clár Ábhar** .... **2**
**An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí agus an Fhoireann** .... **4**
**Brollach** .... **6**
**Caibidil 1 Réamhrá** .... **9**
Léargas Ginearálta ar Obair an Choimisiúin in 2020 .... 9
Feidhmeanna Reachtúla an Choimisiúin .... 11
Ár Ráiteas Straitéise 2018-2020 .... 11
Conas a Dhéanaimid ár dTaighde agus Conas a Théimid i gComhairle .... 12
Sárchaidreamh Seachtrach a Chothú .... 13
**Caibidil 2 Obair Athchóirithe an Dlí agus Reachtaíocht a Chur i bhFeidhm in 2020** .... **16**
Léargas Ginearálta .... 16
Athbhreithniú Mionsonraithe ar Obair agus Cur i bhFeidhm an Choimisiúin in 2020 .... 17
**Caibidil 3 Obair Rochtana ar Reachtaíocht in 2020** .... **23**
Réamhrá .... 23
Eolaire Reachtaíochta .... 23
Achtanna Athbhreithnithe .... 24
Liosta Aicmithe den Bhunachar Sonraí Reachtaíochta .... 26
An Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil .... 26
**Caibidil 4 Riarachán agus Tacaíocht Taighde in 2020** .... **28**
Réamhrá .... 28
An Coimisiún .... 28
An Coiste Bainistíochta .... 29
An Fhoireann Riaracháin .... 30
Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise .... 30
An Fhoireann Taighde .... 31
Airgeadais .... 31
Socruithe Rialachais .... 32
An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú .... 32
Éifeachtúlacht Fuinnimh .... 34
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 .... 34
An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 .... 34
Rún an Choimisiúin maidir le Ráitis agus Aschur Airgeadais .... 34
**Aguisín A Cairt Eagraíochta an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí in 2020** .... **37**
**Aguisín B I ndiaidh Covid-19: Tograí ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí** .... **39**

# CLÁR ÁBHAR

**Aguisín C** **Tuarascálacha agus Ráitis Bhliantúla an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí 2020..........49**

# AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ AGUS AN FHOIREANN

## AN COIMISIÚN

Tá cúigear comhaltaí sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí, an tUachtarán agus ceathrar Coimisinéirí eile.[1] In 2020, ba iad seo a leanas comhaltaí an Choimisiúin:

**An Breitheamh Onórach Mary Laffoy**
Uachtarán

**Raymond Byrne (Abhcóide)**
Coimisinéir (lánaimseartha)

**Donncha O'Connell**, Ollamh Bunaithe le Dlí, Scoil an Dlí, OÉ, Gaillimh Coimisinéir (páirtaimseartha) (go dtí an 31 Lúnasa 2020)

**Tom O'Malley (Abhcóide)**, Léachtóir Sinsearach, Scoil an Dlí, OÉ, Gaillimh
Coimisinéir (páirtaimseartha) (go dtí an 31 Lúnasa 2020)

**An Breitheamh Onórach Carmel Stewart**
Coimisinéir (páirtaimseartha) (go dtí an 31 Lúnasa 2020)

**An Breitheamh Onórach Maurice Collins**
Coimisinéir (páirtaimseartha) (ón 1 Deireadh Fómhair 2020)

**An Breitheamh Onórach Richard Humphreys**
Coimisinéir (páirtaimseartha) (ón 1 Deireadh Fómhair 2020)

**An Dr Andrea Mulligan (Abhcóide),** Ollamh Cúnta le Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Coimisinéir (páirtaimseartha) (ón 1 Deireadh Fómhair 2020)

## FOIREANN TAIGHDE AN CHOIMISIÚIN

**Stiúrthóir Taighde:**
Rebecca Coen (ón 17 Feabhra 2020)

**Leas-Stiúrthóir Taighde**
An Dr Robert Noonan

**An Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht:**
Alma Clissmann

1 Maidir le téarmaí ceapacháin 5 chomhalta an Choimisiúin, féach Caibidil 4, thíos.

**An Leas-Bhainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht:**
An Dr Kate Doran

**An Bainisteoir Tionscadal Ionstraimí Reachtúla um Rochtain ar Reachtaíocht:**
Fiona Carroll

**An Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise:**
Órla Gillen

## TAIGHDEOIRÍ DLÍ[2]

Hazel Bergin
Leanne Caulfield
Eunice Collins
Éire Dempsey
Liam Dempsey
James Egleston
Sandra Eaton
Rachel Gaffney
Morgane Hervé
Niamh Ní Leathlobhair
Suzanne Scott

## FOIREANN RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN[3]

| | |
|---|---|
| **Ceann an Riaracháin:** | Bríd Rogers |
| **Oifigigh Feidhmiúcháin:** | Ger Mooney<br>Gavin Walsh |
| **Oifigeach Cléireachais:** | Roslyn Dalton<br>Claire Carroll |

2 Níor fostaíodh gach aon taighdeoir dlí don bhliain iomlán féilire.
3 Níor fostaíodh gach aon bhall den fhoireann riaracháin don bhliain iomlán féilire.

# BROLLACH

Thar ceann an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, tá an-áthas orm ár dTuarascáil Bhliantúil don bhliain 2020 a chur i láthair.

Rinne an Coimisiún Críochnaithe ceithre thionscadal mhóra i rith na bliana, trí cinn ónár gCeathrú Clár d'Athchóiriú an Dlí, agus ceann amháin ón gCúigiú Clár, a cheadaigh an Rialtas in 2019. Táim thar a bheith buíoch de mo chomh-Choimisinéirí agus den fhoireann iomlán a bhain na torthaí seo amach in 2020, go háirithe de réir mar a chuamar i dtaithí ar éifeachtaí phaindéim COVID-19 a bhain Éire amach in 2020.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh le hómós a léiriú ar an triúr Coimisinéirí páirtaimseartha ar tháinig deireadh lena dtéarmaí oifige i Lúnasa 2020, an tOllamh Donncha O'Connell, an tUasal Thomas O'Malley agus an Breitheamh Onórach Carmel Stewart. Bhí an méid a chuir siad le hobair an Choimisiúin ar an gcaighdeán ab airde agus is mian liom é sin a aithint anseo. Ba mhó a rannchuidiú, ach go háirithe, i rith na bliana mar gheall go raibh orthu tabhairt faoi chruinnithe an Choimisiúin ó Mhárta ar aghaidh go cianda. I rith an ama dhúshlánaigh sin, bhí siad thar a bheith tiomanta do chinntiú go raibh ar ár gcumas againn faoi dheireadh a dtéarmaí oifige obair a dhéanamh ar cheithre thionscadal a bhí á mbreithniú go dian acu agus atá go fóill. Agus an toradh tábhachtach sin á bhaint amach, is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le m'iar-chomhghleacaithe as an obair ollmhór a rinne siad ar na tionscadail siúd chomh fada le deireadh a dtéarmaí, ar baineadh toradh amach ar cinnte go ndeachaigh sé chun leasa an phobail.

Foilsíodh an méid seo a leanas mar gheall ar na ceithre thionscadal seo, ar bhain gach ceann díobh le ceisteanna tábhachtacha maidir lenár sochaí:

- *Tuarascáil ar Phianbhreitheanna ar Fionraí;*
- *Plépháipéar ar Chur i bhfeidhm Oibleagáidí Idirnáisiúnta sa Dlí Intíre;*
- *Tuarascáil ar Inrochtaineacht na Reachtaíochta sa Ré Dhigiteach*; agus
- *Tuarascáil ar Dhamáistí a Chaidhpeáil i gCaingne Díobhálacha Pearsanta*.

Sainaithníodh sa *Tuarascáil ar Phianbhreitheanna ar Fionraí* na príomhphrionsabail a mhíníonn cathain a bhíonn pianbhreith ar fionraí cuí, agus cathain nach cuí dó, agus thug sé chun solais, ina theannta sin, an gá atá le comhordú níos fearr idir na gníomhaireachtaí éagsúla sa chóras ceartais choiriúil agus pionósach.

Rinneadh cur síos sa *Plépháipéar ar Chur i bhfeidhm Oibleagáidí Idirnáisiúnta sa Dlí Intíre* ar dhea-chleachtas agus a oibleagáidí idirnáisiúnta á chur i bhfeidhm ag an Stát. Áiríodh leis seo úsáid a bhaint as treochláir agus Anailís Tionchair Rialála, a sholáthraíonn leibhéil thábhachtacha trédhearcachta agus soiléireachta maidir leis an tionchar a imríonn ár n-oibleagáidí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm.

Cuireann an *Tuarascáil ar Inrochtaineacht na Reachtaíochta sa Ré Dhigiteach* le tiomantas láidir an Choimisiúin d'fheabhas a chur ar inrochtaineacht ár ndlíthe agus, go mór mór, na dlíthe siúd a dhéanamh inrochtana ar líne. Moladh sa Tuarascáil go bhféadfaí feabhsúcháin bhreise a bhaint amach

ina leith seo trí chláir bheartaithe leis an reachtaíocht a chomhdhlúthú, faoi mhaoirseacht Ghrúpa ilghníomhaireachta Inrochtaineachta agus Comhdhlúthaithe.

Chuir an *Tuarascáil ar Chaidhpeáil Damáistí i gCaingne Díobhálacha Pearsanta* obair i gcrích ar thionscadal sa Chúigiú Clár, ar thug an Coimisiún tús áite dó i dtaobh na tábhachta ginearálta a bhaineann leis seo i measc bhaill uile na sochaí. Baineadh an tátal amach sa Tuarascáil gur cheart roinnt ama a thabhairt don chur chuige i leith na ceiste seo dá ndéantar foráil san *Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019* le hoibriú i gcleachtas, agus tugadh faoi deara i gcomhthráth go mbeadh sé ceadaithe, i dtuairim an Choimisiúin, dul i ngleic leis trí úsáid a bhaint as samhail reachtaíochta eile a shainaithinítear sa Tuarascáil.

Sheolfaí gach ceann de na foilseacháin seo, de ghnáth, go foirmiúil in oifigí an Choimisiúin. Cuireann na seoltaí seo an deis ar fáil don Choimisiún cuireadh a thabhairt dóibh siúd a chabhraigh leis an obair ónar eascair na foilseacháin agus buíochas a ghabháil leo go pearsanta.
Ar an drochuair, mar gheall ar na srianta sláinte poiblí a d'eascair as paindéim COVID-19, níor chuí do na seoltaí siúd. Ina ionad sin, a bhuíochas le tacaíocht ár bhfoirne riaracháin, sheol an Coimisiún ár bhfoilseacháin 2020 ar líne, agus trí agallaimh mheán le Coimisinéirí.

Agus obair dhea-bhunaithe an Choimisiúin faoi chaibidil athuair ar Rochtain ar Reachtaíocht, baineann ceithre ghné leis seo. Is iad seo: 400 Acht Athbhreithnithe a fhoilsiú agus a chothabháil (ar comhdhlúthuithe riaracháin d'Achtanna iad ina bhfoirm leasaithe); an tEolaire Reachtaíochta (ar liosta cuimsitheach de na leasuithe uile agus d'éifeachtaí eile ar an reachtaíocht uile é); an Liosta Aicmithe de Reachtaíocht atá i bhFeidhm (bunachar sonraí ina bhfuil breis agus 2,000 Acht agus 15,000 ionstraim reachtúil atá eagraithe faoi 36 teideal ábhair); agus an Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil roimh 1922 (an CADR), a chinnfidh cén ionstraimí idir 1821 agus 1922 atá ábhartha go léir agus ar cheart dóibh leanúint de bheith i bhfeidhm.

Anuas ar an aschur tábhachtach seo a bhaint amach in 2020, d'ullmhaigh an Coimisiún páipéar in Aibreán inar cuireadh roinnt de thograí an Choimisiúin le chéile a foilsíodh le deich mbliana anuas a d'fhéadfadh bheith an-áisiúil agus an-ábhartha i gcomhthéacs níos fairsinge an iomaí freagairt beartais do phaindéim COVID-19. Scaipeadh é seo ar Oifig an Ard-Aighne agus ar na Ranna Rialtais, agus táim buíoch gur léiríodh roinnt de na ceisteanna a sainaithníodh sa pháipéar sin i reachtaíocht a achtaíodh in 2020. Rinne an Coimisiún an cinneadh an páipéar sin a fhoilsiú mar Aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil seo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don iomaí duine a chuireann le agus a chabhraíonn leis an gCoimisiún i dtaobh á bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh mar chomhlacht comhairleach taighde. Ba cheart dom a lua, ach go háirithe, an chomhairle agus an cúnamh deonach a fhaighimid ón iomaí duine aonair agus grúpa a ndeachaigh an Coimisiún i gcomhairle leo nó a ndéanann teagmháil gan choinne linn. Is mór ag an gCoimisiún an comhoibriú agus an chúirtéis, chomh maith, a sholáthraíonn ranna agus oifigí Rialtais dó, ón Ard-Aighne agus ó Oifig an Ard-Aighne, agus ó ghníomhaireachtaí eile Rialtais agus neamhrialtasacha. Is mór an feabhas a tháinig ar gach gné d'obair an Choimisiúin ag an rannpháirtíocht chomhoibríoch ar fud shochaí na hÉireann a bhaineann leis seo.

Faoi mar a luaigh mé, tháinig téarma oifige triúr Coimisinéirí chun críche i Lúnasa 2020. Thar ceann gach duine sa Choimisiún, glacaim an deis seo le fáilte ó chroí a chur roimh cheapadh an Bhreithimh Onóraigh Maurice Collins, an Bhreithimh Onóraigh Richard Humphreys agus an Dr Andrea Mulligan mar chomhaltaí an Choimisiúin le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

Leanann a gceapadh le tuairim sheanbhunaithe an Rialtais, i gcomhréir leis *an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, gur gá daoine iomráiteacha a cheapadh a bhfuil saineolas acu ar limistéir éagsúla den dlí mar chomhaltaí an Choimisiúin. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl, chomh maith, don Ard-Aighne maidir leis an aire mhór a thug sé nuair a d'ainmnigh sé na Coimisinéirí nua a bhí le ceapadh ag an Rialtas. Chinntigh siad, sa tréimhse ghearr ama ó ceapadh iad, mar chomhlacht choláisteach agus le tacaíocht ár bhfoirne taighde agus riaracháin, go mbeimid in ann leanúint ag tabhairt faoi chlár oibre dúshlánach an Choimisiúin sna blianta amach anseo.

**An Breitheamh Onórach Mary Laffoy,**
**Uachtarán an Choimisiúin**

# CAIBIDIL 1
# RÉAMHRÁ

## LÉARGAS GINEARÁLTA AR OBAIR AN CHOIMISIÚIN IN 2020

Rinne an Coimisiún Críochnaithe ceithre thionscadal mhóra a chríochnú i rith na bliana 2020, trí cinn ónár gCeathrú Clár um Athchóiriú an Dlí, agus ceann amháin ón gCúigiú Clár, a cheadaigh an Rialtas in 2019. Agus lean an Coimisiún lena obair dhea-bhunaithe freisin ar Rochtain ar Reachtaíocht. Mar fhreagairt do phaindéim COVID-19, chuir an Coimisiún plean leanúnachais gnó i bhfeidhm lena chinntiú go bhféadfaí leanúint dá chuid oibre go cianda agus go gcomhlíonann sí an reachtaíocht agus na treoirlínte ábhartha. I measc na bpríomhfhorbairtí in 2020, bhí an méid seo a leanas:

**1. Foilseacháin um athchóiriú an dlí**

In 2020, d’fhoilsigh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- *Tuarascáil ar Phianbhreitheanna ar Fionraí* (LRC 123-2020), ina sainaithnítear na príomhphrionsabail faoi phianbhreith ar fionraí a ghearradh, na cúinsí ábhartha san áireamh nach bhfuil an toradh pianbhreithe seo cuí ach nuair a mheastar gur cheart pianbhreith choinneála a ghearradh. Rinneadh roinnt moltaí sa Tuarascáil freisin a bhaineann leis an ngá atá le comhordú níos fearr idir na gníomhaireachtaí éagsúla atá i gceist sa chóras ceartais choiriúil agus pionósach.
- *Plépháipéar ar Chur i bhfeidhm Oibleagáidí Idirnáisiúnta sa Dlí Intíre* (LRC 124- 2020), a chuir léargas ginearálta ar fáil ar idirchaidreamh an Stáit leis an bpobal idirnáisiúnta agus an tionchar suntasach a d’imir seo ar ábhar dhlí na hÉireann. Is éagsúil an páipéar seo ó go leor foilseacháin eile an Choimisiúin sa mhéid nach bhfuil aon mholtaí ar leith ann i dtaobh athchóiriú ach, ina ionad sin, go ndéantar cur síos ann ar dhea-chleachtas sa chur i bhfeidhm a dhéanann an Stát ar a oibleagáidí idirnáisiúnta. Áirítear leis seo úsáid a bhaint as treochláir agus Anailís Tionchair Rialála (ATRanna), a sholáthraíonn leibhéil thábhachtacha trédhearcachta agus soiléireachta maidir leis an tionchar a imríonn ár n-oibleagáidí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm.
- *Tuarascáil ar Inrochtaineacht na Reachtaíochta sa Ré Dhigiteach* (LRC 125-2020), a chuireann le tiomantas láidir an Choimisiúin d’fheabhas a chur ar inrochtaineacht ár ndlíthe agus, go mór mór, na dlíthe siúd a dhéanamh inrochtana ar líne. Áiríodh leis an Tuarascáil anailís ar na céimeanna tábhachtacha a rinneadh go dtí seo lenár stoc reachtaíochta a bhainistiú, agus a mholadh, i gcomhthráth, go bhféadfaí feabhsúcháin bhreise a bhaint amach. Moladh sa Tuarascáil, ach go háirithe, gur cheart go mbeadh cláir ilbhliana bheartaithe ann leis an reachtaíocht a chomhdhlúthú, faoi mhaoirseacht Ghrúpa ilghníomhaireachta Inrochtaineachta agus Comhdhlúthaithe. Moladh sa Tuarascáil freisin gur cheart aitheantas oifigiúil a thabhairt don leagan a foilsíodh ar líne den reachtaíocht, faoi mar a bhíonn i gceist le go leor tíortha Eorpacha eile agus maidir le dlí an AE.
- *Tuarascáil ar Chaidhpeáil Damáistí i gCaingne Díobhálacha Pearsanta* (LRC 123-2020), a chuir obair i gcrích ar thionscadal sa Chúigiú Clár, ar thug an Coimisiún tús áite dó i dtaobh na tábhachta ginearálta a bhaineann leis seo i measc bhaill uile na sochaí. Níor cuireadh ach an cheist sa tionscadal, agus sa Tuarascáil, cibé acu an mbeadh nó nach

mbeadh sé ceadmhach go bunreachtúil, nó ar bhealach inmhianaithe eile, reachtaíocht a achtú a chuireann caidhp ar chásanna damáistí ginearálta agus díobhálacha pearsanta. Baineadh an tátal as sa Tuarascáil, i dtuairim an Choimisiúin gur shásaigh an creat reachtaíochta do Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta, dá bhforáiltear san *Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019* critéir ábhartha bhunreachtúla, agus gurb inmhianaithe gur cheart roinnt ama a thabhairt don chreat seo chun oibriú i gcleachtas.

Luadh sa Tuarascáil freisin go mbeadh sé ceadaithe dul i ngleic leis an gceist trí úsáid a bhaint as samhail reachtaíochta a sainaithníodh sa Tuarascáil. Leagtar béim sa Tuarascáil gur ceist í seo ar cheart don Oireachtas agus don Rialtas plé léi, i ndeireadh na dála, agus go bhféadfadh an tArd-Aighne comhairle a sholáthar ina taobh.

- *Páipéar Saincheisteanna i mBéarla Neamhchasta ar Chreat Rialála chun Daoine Fásta a Chosaint (Issues Paper in Plain English on A Regulatory Framework for Adult Safeguarding)* (LRC PLEIP 18-2020), ar leagan i mBéarla neamhchasta é de *Pháipéar Saincheisteanna ar Chreat Rialála chun Daoine Fásta a Chosaint* (*Issues Paper on A Regulatory Framework for Adult Safeguarding*) (LRC IP 18-2019) a d'fhoilsigh an Coimisiún. Is é cuspóir an leagain Bhéarla neamhchasta ár n-obair a dhéanamh inrochtana, chun go mbíonn an deis ag a mhéid daoine agus is féidir sinn a chur ar an eolas ar an méid a cheapann siad faoi na hathchóirithe atá á mbreithniú inár dtionscadal maidir le *Creat Rialála chun Daoine Fásta a Chosaint*. Is tábhachtach, ach go háirithe, go ndéanann daoine a bhraitheann go ndéanfaidh na hathchóirithe a bheartaítear difear dóibh ina saol laethúil teagmháil leis an gCoimisiún.

**2. Rochtain ar reachtaíocht**

Áiríodh le hobair an Choimisiúin ar rochtain ar reachtaíocht i rith 2020 an méid seo a leanas:

- nuashonraíodh an tEolaire Reachtaíochta, an t-innéacs ar líne d'athruithe reachtaíochta ar Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla, gach seachtain nuair a rinneadh reachtaíocht nua a achtú (Achtanna) nó a dhéanamh (Ionstraimí Reachtúla).
- Bhain Achtanna nuashonraithe, arb Achtanna iad arna leasú, ina léirítear athruithe a rinneadh ó achtaíodh iad, an líon suntasach ba mhó 400 amach in 2020, agus déantar nuashonrú orthu laistigh de dhá mhí.
- foilsíodh an Liosta Aicmithe Reachtaíochta, ina bhfuil os cionn 2,000 Acht agus 15,000 Ionstraim Reachtúil atá i bhfeidhm atá eagraithe faoi 36 teideal ábhair, mar leagan bunachar sonraí in Eanáir 2020, agus déantar é a chomhcheangal le bunachar sonraí an Eolaire Reachtaíochta.
- rinne an Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil roimh 1922 (an CADR), ar cuireadh tús le hobair air in 2019 agus a chinnfidh cén ionstraimí tánaisteacha ón tréimhse 1821 go 1922 a leanfaidh de bheith i bhfeidhm, dul chun cinn i rith 2020 go dtí go bhfoilseofar an chéad Scéim/Ceann Bille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (Ionstraimí roimh 1922) in 2021.

**3. Riarachán agus COVID-19**

In 2020, tugadh ríthábhacht fhoireann bheag riaracháin an Choimisiúin chun solais i ndiaidh thionchar phaindéim COVID-19 go luath in 2020. Chuir an Coimisiún plean leanúnachais gnó i bhfeidhm láithreach lena chinntiú go bhféadfaí leanúint dá chuid oibre agus go bhféadfaí an reachtaíocht agus na treoirlínte ábhartha a chomhlíonadh, go mór mór trí shocruithe oibre cianda a chur i bhfeidhm. Áiríodh leis seo córais bhainistíochta cháipéis bhogearraí a shuiteáil lena chinntiú go ndearnadh maoirseacht éifeachtach ar an aschur a

foilsíodh, agus gur úsáideadh córais chianda físeáin le haghaidh cruinnithe, cruinnithe (boird) an Choimisiúin san áireamh.

D'ullmhaigh an Coimisiún páipéar in Aibreán inar cuireadh roinnt de thograí an Choimisiúin le chéile a foilsíodh le deich mbliana anuas a d'fhéadfadh bheith an-áisiúil agus an-ábhartha i gcomhthéacs níos fairsinge an iomaí freagairt beartais do phaindéim COVID-19. Scaipeadh é seo ar Oifig an Ard-Aighne agus ar na Ranna Rialtais, agus atáirgtear é mar Aguisín B leis an Tuarascáil Bhliantúil seo.

## FEIDHMEANNA REACHTÚLA AN CHOIMISIÚIN

Comhlacht reachtúil is ea an Coimisiún a bunaíodh faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975* a cheanglaíonn ar an gCoimisiún dlí na hÉireann a choimeád faoi athbhreithniú agus chun tabhairt faoi thaighde ag féachaint leis an dlí a athchóiriú. Sainmhínítear gurb éard is athchóiriú an dlí:

- an dlí a fhorbairt,
- an dlí a chódú, an dlí a shimpliú agus a nuachóiriú san áireamh, agus
- an reachtaíocht a leasú agus a chomhdhlúthú.

Ó bunaíodh é, d'fhoilsigh an Coimisiún breis agus 220 cáipéis (Páipéir Shaincheisteanna, Páipéir Oibre, Páipéir Chomhairliúcháin, agus Tuarascálacha) ina gcuimsítear tograí le haghaidh athchóiriú an dlí agus foilsíonn sé aschur um Rochtain ar Reachtaíocht (an tEolaire Reachtaíochta,[4] Achtanna Athbhreithnithe agus an Liosta Aicmithe Reachtaíochta). Tá fáil ar liosta iomlán de na foilseacháin ar láithreán gréasáin an Choimisiúin ag www.lawreform.ie ar a bhfuil gach foilseachán ar fáil lena íoslódáil saor in aisce.

**Cláir um Athchóiriú an Dlí agus Iarrtaí ón Ard-Aighne**
Tagann obair an Choimisiúin maidir le hathchóiriú an dlí ó dhá phríomhfhoinse:

- Cláir um Athchóiriú an Dlí a d'ullmhaigh an Coimisiún agus lenar chomhaontaigh an Rialtas agus a cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais, agus
- Iarrataí ón Ard-Aighne i dtaca le ceisteanna ar leith.

Ó bunaíodh é i 1975, d'oibrigh an Coimisiún faoi chúig Chlár um Athchóiriú an Dlí. D'fhaomh an Rialtas 5ú Clár um Athchóiriú an Dlí an Choimisiúin an 20 Márta 2019 gan é a athrú. Pléitear go mionsonraithe forbairtí i rith 2020 a bhaineann le hobair um athchóiriú an dlí an Choimisiúin, faomhadh an 5ú Clár san áireamh, i gCaibidil 2.

**Rochtain ar Reachtaíocht**
Baineann an reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana don phobal le hobair an Choimisiúin freisin. Pléitear forbairtí i rith 2020 ar an obair ar Rochtain ar Reachtaíocht i gCaibidil 3.

Soláthraítear i *Ráiteas Straitéise 2018-2020* an Choimisiúin, atá ar fáil ag www.lawreform.ie, an creat d'obair an Choimisiúin sa tréimhse trí bliana a chumhdaítear. Léirítear sa Ráiteas Straitéise tuairimí an Choimisiúin ar an méid is gá a dhéanamh chun a rannchuidiú le hathchóiriú an dlí a uasmhéadú agus lena chinntiú go n-oibríonn an eagraíocht i leith éifeachtúlacht agus éifeachtacht optamach agus go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil. Is é Ráiteas Misin an Choimisiúin: "an dlí a choimeád faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolaí, chun moltaí iarmhartacha a dhéanamh d'athchóiriú an dlí agus chun an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do chách." Ar chuma na n-iar-ráiteas, leagtar amach sa Ráiteas Straitéise príomhthosaíochtaí an Choimisiúin don tréimhse 2018-2020, freagrachtaí agus cuntasacht shoiléir san áireamh chun na tosaíochtaí seo a bhaint amach.

**Príomhchuspóirí sa Ráiteas Straitéise**

Sainaithnítear i *Ráiteas Straitéise 2018-2020* trí Phríomhchuspóir. Is iad seo:

*Príomhchuspóir 1: Athchóiriú an Dlí*

*Athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí agus tabhairt faoi thaighde ag féachaint le dlí na hÉireann a shimpliú, a nuachóiriú agus a chódú.*

*Príomhchuspóir 2: Rochtain ar Reachtaíocht*

*An reachtaíocht, ina staid reatha, a dhéanamh inrochtana gan stró ar líne don phobal, arna leasú, seachas arna hachtú, agus chun faisnéis ghaolmhar a sholáthar.*

*Príomhchuspóir 3: Riarachán*

*Chun seirbhísí éifeachtacha, nua-aimseartha agus gairmiúla corparáideacha riaracháin agus gnó a sholáthar don Choimisiún d'fhonn tacú leis chun a chuspóirí a bhaint amach.*

Leantar sa Tuarascáil Bhliantúil seo sraith na bPríomhchuspóirí seo.

[4] Foilsítear an tEolaire Reachtaíochta mar ghné chomhtháite den Leabhar leictreonach Reachtanna na hÉireann (eISB), a dhéanann Oifig an Ard-Aighne a óstáil agus a bhainistiú.

## CONAS A DHÉANAIMID ÁR DTAIGHDE AGUS CONAS A THÉIMID I GCOMHAIRLE

Tá obair an Choimisiúin bunaithe ar thaighde cúramach agus críochnúil.

Chun na spriocanna a bhaint amach a leagtar amach inár gCláir um Athchóiriú an Dlí agus iarrataí ón Ard-Aighne, sanntar gach tionscadal do thaighdeoirí a oibríonn faoi mhaoirsiú ginearálta an Stiúrthóra Taighde agus an Leas-Stiúrthóra Taighde. I gcás na hoibre maidir le Rochtain ar Reachtaíocht, oibríonn taighdeoirí faoi mhaoirsiú an Bhainisteora agus an Leas-Bhainisteora um Rochtain ar Reachtaíocht.

Is rí-mhór ag an gCoimisiún an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn a thograí le haghaidh athchóiriú bunaithe ar chleachtas. Fad a ullmhaítear tograí, cuirtear comhairliúcháin ar bun le páirtithe leasmhara, cleachtóirí dlí, gairmithe ábhartha, comhlachtaí ionadaíocha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile, polaiteoirí agus comhaltaí an Rialtais agus Ranna agus Oifigí Rialtais, agus muintir an phobail ar mian leo teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún. Saibhríonn an léargas a ghnóthaímid ó thuairimí agus eispéiris na gcomhairlithe foilseacháin an Choimisiúin agus cabhraíonn siad linn moltaí a fhorbairt atá dírithe ar an úsáideoir deiridh, atá inoibrithe agus éifeachtach.

Tugann an Coimisiún faoina chuid oibre a dhéanamh agus a athbhreithniú de réir a phlean gnó bhliantúil.

Baineann tábhacht phríomha le comhairliúchán i dtaobh obair an Choimisiúin. D'fhéadfadh roinnt foirmeacha a bheith i gceist leis seo, mar shampla, cruinnithe le saineolaithe nó cleachtóirí a oibríonn i limistéar ar leith, nó ionadaithe de ghrúpaí leasa. Ina theannta sin, déanann an Coimisiún cáipéisí comhairliúcháin a ullmhú agus a fhoilsiú, ar tagraíodh dóibh ag tráthanna éagsúla ó 1975 ar aghaidh mar Pháipéir Oibre, Páipéir Chomhairliúcháin agus Páipéir Shaincheisteanna.

Idir 2013 agus 2020, rinne an Coimisiún cur síos orthu seo mar Pháipéir Shaincheisteanna agus, go luath in 2021, rinne an Coimisiún an cinneadh filleadh ar Pháipéar Comhairliúcháin a thabhairt orthu. Soláthraíonn na Páipéir Chomhairliúcháin seo próiseas struchtúrach trína lorgaítear aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara.

Cuirtear na haighneachtaí i gcuntas nuair a dhéantar an Tuarascáil deiridh a dhréachtú ar an ábhar, agus déileáiltear le haon saincheisteanna nó bhuarthaí a thugann siad chun solais sa Tuarascáil. Sula ndréachtaítear an Tuarascáil, is gnách go gcuirtear seimineár ar siúl a dtugann an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara chuige, iad siúd san áireamh a rinne aighneachtaí.

Mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19, chuir an Coimisiún cruinnithe aghaidh ar aghaidh agus plé cruinnithe comhchéime le comhairlithe ar fionraí ó Mhárta 2020, ach lean sé ar aghaidh le cruinnithe comhairliúcháin trí fhíschórais chianda. Leanann na cruinnithe agus an plé cianda seo ag cabhrú leis an gCoimisiún ár moltaí a fhorbairt d'athchóiriú i

dTuarascálacha a thiocfaidh aníos ó thionscadail an Choimisiúin.

Chomh maith leis sin, ag eascairt as paindéim COVID-19, rinne an Coimisiún an cinneadh gan Comhdháil Bhliantúil a chur ar siúl in 2020, agus rinne sé an cinneadh, ina ionad sin, béim a chur ar chruinnithe comhairliúcháin cianda a úsáid lena chinntiú go ndéanfaí tionscadail a chur chun cinn agus, sa chás gur féidir, a chríochnú. Faoi mar a luaitear thuas, chríochnaigh an Coimisiún ceithre thionscadal mhóra in 2020, agus d'fhoilsigh sé leagan Béarla neamhchasta de Pháipéar Saincheisteanna freisin.

Cuireann an Coimisiún Dréachtbhille nó Scéim (Cinn) Bille san áireamh i ngach tuarascáil, áit a ndéanann sé moltaí óna dteastaíonn athrú reachtaíochta. Léiríonn seo an sainchúram reachtúil faoi Acht 1975 chun dréachtreachtaíocht a chur san áireamh nuair a bheartaíonn sé an dlí a athchóiriú.

Téann an Coimisiún i gcomhairle freisin le páirtithe leasmhara i dtaca lena obair thaighde maidir le Rochtain ar Reachtaíocht, Oifig an Ard-Aighne, Ranna Rialtais, an lucht dlí agus an pobal i gcoitinne ina measc siúd. Glacann an Coimisiún páirt ghníomhach in obair an Ghrúpa Ríomhreachtaíochta faoi choimirce Roinn an Taoisigh agus in idirichaidreamh a dhéanamh le hOifig an Ard-Aighne i bhforbairt leanúnach Leabhar Reachtanna leictreonach na hÉireann (eISB).

Chun inrochtaineacht a éascú, tá fáil ar gach foilseachán um athchóiriú an dlí de chuid an Choimisiúin, páipéir chomhairliúcháin ina measc, ar líne ar láithreán gréasáin an Choimisiúin, agus is féidir teacht ar ár n-obair ar Rochtain ar Reachtaíocht trí láithreán gréasáin an eISB agus ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.

## SÁRCHAIDREAMH SEACHTRACH A CHOTHÚ

**Cumarsáid le Ranna Rialtais**

Déanann an Coimisiún cumarsáid rialta le Ranna Rialtais ábhartha faoi thionscadail reatha agus amach anseo, araon. Casann an Coimisiún freisin ar bhonn rialta le hoifigigh shinsearacha sa Roinn Dlí agus Cirt chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar fhorbairtí um athchóiriú an dlí is díol spéise dóibh, sa dlí coiriúil agus sa dlí sibhialta.

**Cruinnithe leis an Ard-Aighne agus an Coiste Comhairliúcháin**

I gcomhréir leis *an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975,* comhlacht é an Coimisiún laistigh de shainchúram an Ard-Aighne. Casann an cúigear comhaltaí den Choimisiún agus foireann shinsearach an Choimisiúin de ghnáth leis an Ard-Aighne agus le hoifigigh shinsearacha oifig an Ard-Aighne gach bliain. Cuireann na cruinnithe seo deis thábhachtach struchtúrach ar fáil chun plé a dhéanamh leis an Ard-Aighne agus le hoifigigh shinsearacha ar chlár oibre reatha an Choimisiúin. Buntacaíonn siad freisin leis an gcaidreamh tábhachtach oibre idir an Coimisiún agus Oifig an Ard-Aighne, go comhsheasmhach le neamhspleáchas an Choimisiúin i dtabhairt faoina fheidhmeanna faoi Acht 1975.

Anuas air sin, tugann Coiste Comhairliúcháin an Ard-Aighne faoi fheidhmeanna tábhachtacha a chabhraíonn le Cláir um Athchóiriú an Dlí an Choimisiúin a fhorbairt. Tá ionadaithe de Ranna Rialtais, Comhairle Bharra na hÉireann, Dlí-Chumann na hÉireann agus Oifig an Ard-Aighne sa Choiste.

**Cruinnithe le agus aighneachtaí chuig Coistí an Oireachtais**

Cuireann an Coimisiún cruinnithe tréimhsiúla ar siúl le Coistí an Oireachtais chun plé a dhéanamh ar ár n-obair, agus chuir sé le haighneachtaí scríofa le Coistí an Oireachtais freisin.

**Comhdhálacha, cuairteanna agus teagmháil leis na meáin**

Freastalaíonn coimisinéirí agus an fhoireann taighde ar sheimineáir agus comhdhálacha go minic agus glacann siad páirt iontu.

Go ginearálta, gníomhaíonn Coimisinéirí a bhfuil róil chomhordaithe acu i dtionscadail ar leith agus an Stiúrthóir Taighde mar urlabhraithe don Choimisiún.

**Ceangail idirnáisiúnta agus cruinniú bliantúil Coimisiúin Dlí chomharsanacha** Leagann an Coimisiún béim ar anailís chomparáideach ina thaighde agus, ar an ábhar sin, leanann sé le teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha agus le comhlachtaí inchomparáide um athchóiriú an dlí i dtíortha eile. Leantar leis an teagmháil seo a dhéanamh trí fhreastal ar sheimineáir ábhartha agus trí chuairteanna a chur ar siúl a thugann gníomhaireachtaí eile um athchóiriú an dlí agus comhlachtaí inchomparáideacha a thugann faoi athchóiriú an dlí.

Anuas air sin, cuireann ceithre Choimisiún Dlí chomharsanacha Shasana agus na Breataine Bige, na hAlban, Gheirsí agus na hÉireann,[5] faoi seach, cruinniú bliantúil ar siúl, a cheadaíonn dearcthaí a mhalartú maidir le forbairtí ar athchóiriú an dlí, modheolaíocht san áireamh, anuas ar naisc thábhachtacha a choimeád idir na comhlachtaí.

---

5 Nuair a bhí Coimisiún Dlí Thuaisceart Éireann ina chomhlacht feidhmiúil a raibh buiséad bliantúil leithdháilte aige, bhí comhlachtaí um athchóiriú an dlí ó chúig dhlínse páirteach sna cruinnithe bliantúla seo.

Ghlac an Coimisiún páirt an 3 Iúil 2020 i gcruinniú bliantúil na gceithre Choimisiún Dlí chomharsanacha. Mar gheall ar phaindéim COVID-19, cuireadh an cruinniú ar bun ar líne, agus rinne Coimisiún Dlí Gheirsí é a óstáil go cianda. Ba é téama chruinniú 2020 "Riail an Dlí agus an Fhreagairt do COVID-19." Chuir an cruinniú deis thráthúil ar fáil machnamh a dhéanamh ar cén bearta a tugadh isteach sna dlínsí éagsúla agus meastóireacht a dhéanamh ar a gcomhoiriúnacht do chearta daonna agus do riail an dlí.

Rinne gach Coimisiún cuir i láthair scríofa agus ó bhéal ag an gcruinniú ar líne. Áiríodh leis an gcur i láthair a rinne an Coimisiún léargas ginearálta ar fhreagairtí reachtaíochta. Rinne se breithniú freisin ar na freagairtí a d'fhéadfadh bheith ábhartha sa mheántéarma agus san fhadtéarma i ndiaidh COVID-19, bunaithe go príomha ar roinnt Tuarascálacha an Choimisiúin a foilsíodh le deich mbliana anuas, agus a léirigh ábhar an pháipéir níos mionsonraithe a scaip an Coimisiún ar an Rialtas in Aibreán (a atáirgeadh ina iomláine mar Aguisín B leis an Tuarascáil Bhliantúil seo). D'fhoilsigh Coimisiún Dlí Gheirsí imeachtaí chruinniú bliantúil 2020 freisin ar a láithreán gréasáin.[6]

[6] "Imeachtaí Chomh-Chomhdháil Bhliantúil 2020 na gCeithre Choimisiúin Dlí Chomharsanacha," ar fáil ag https://jerseylawcommission.files.wordpress.com/2020/08/imeachtaí-of-the-joint-comhdháil-2020.pdf.

# CAIBIDIL 2
# OBAIR ATHCHÓIRITHE AN DLÍ AGUS REACHTAÍOCHT A CHUR I BHFEIDHM IN 2020

## LÉARGAS GINEARÁLTA

**1. Foilseacháin um athchóiriú an dlí in 2020**
Rinne an Coimisiún Críochnaithe ceithre thionscadal mhóra a chríochnú i rith na bliana 2020, trí cinn ónár gCeathrú Clár um Athchóiriú an Dlí, agus ceann amháin ón gCúigiú Clár, a cheadaigh an Rialtas in 2019. Mar thoradh ar na ceithre thionscadal seo a chríochnú, foilsíodh iad seo a leanas:

- *Tuarascáil ar Phianbhreitheanna ar Fionraí* (LRC 123-2020),
- *Plépháipéar ar Chur i bhfeidhm Oibleagáidí Idirnáisiúnta sa Dlí Intíre* (LRC 124- 2020),
- *Tuarascáil ar Inrochtaineacht na Reachtaíochta sa Ré Dhigiteach* (LRC 125-2020), agus
- *Tuarascáil ar Dhamáistí a Chaidhpeáil i gCaingne Díobhálacha Pearsanta* (LRC 123-2020).

Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún:

- *Páipéar Saincheisteanna i mBéarla Neamhchasta ar Chreat Rialála chun Daoine Fásta a Chosaint*
  (LRC PLEIP 18-2020).

Pléitear iad seo go mionsonraithe thíos.

**2. Cur i bhfeidhm thograí an Choimisiúin in 2020**
Déantar tromlach mór Thuarascálacha an Choimisiúin a chur i bhfeidhm trí reachtaíocht a chuireann an Rialtas chun cinn. Ó thráth go chéile, foilsítear Billí Comhaltaí Príobháideacha (BCPanna) d'fhonn na dréacht-Bhillí a chur i bhfeidhm i dTuarascálacha an Choimisiúin. Nuair a thugann an Rialtas le fios go mbeartaíonn sé Bille a fhoilsiú ar an ábhar, ní gnách go leanann an BCP ar aghaidh níos faide ná an Dara Céim. De rogha air sin, is féidir leis an Rialtas a thacaíocht ghinearálta a thabhairt le fios don BCP agus is féidir an Bille leanúint ar aghaidh ansin trí chéimeanna ina dhiaidh sin a fhad lena achtú.

In 2020, bhain moltaí a chur i bhfeidhm i dTuarascálacha an Choimisiúin le Cuid 3, Caibidil 3 den *Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha, 2020*, beart a bheartaigh an Rialtas, agus den *Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020*, BCP le tacaíocht an Rialtais.[7]

[7] Le blianta beaga anuas, d'eascair reachtaíocht achtaithe as roinnt Billí Comhaltaí Príobháideacha (BCPanna). Sular achtaíodh *an tAcht Meabhair-Shláinte (Leasú), 2018, an tAcht um an Dlí Sibhialta (Toimhde Báis), 2019, an tAcht um Chonarthaí Árachais i leith Tomhaltóirí, 2019, agus an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020,* ba iad na BCPanna ba dhéanaí a achtaíodh a bhain le Tuarascálacha an Choimisiúin an tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989 agus *an tAcht Uchtála, 1991.*

Anuas air sin, bhain moltaí a chur i bhfeidhm a rinneadh i dTuarascálacha an Choimisiúin leis an reachtaíocht seo a leanas, a achtaíodh nó a bhí á breithniú in 2020: *an Bille Meabhair-Shláinte (Leasú), 2016* (BCP lenar thacaigh an Rialtas) agus *an Bille um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) (Cosc le Tairbhe a Fháil as Dúnbhású), 2017* (BCP lenar thacaigh an Rialtas).

D'fhoilsigh an Rialtas roinnt Scéimeanna Billí (nó Cinn Bhillí) chomh maith a bhaineann le moltaí an Choimisiúin. Ina measc seo, tá: Scéim *Bille um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (2011),* Scéim *um Cheartas Coiriúil (Smachtbhannaí Pobail)* (2014), Scéim *Bille um Nós Imeachta Coiriúil* (2015, agus a foilsíodh ó shin mar *an Bille um Nós Imeachta Coiriúil, 2021*), Scéim *Bille um Chúirteanna agus an Dlí Shibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha*) (2017), Scéim Ghinearálta Bille um an gCúirt Teaghlaigh (2020) agus Scéim Ghinearálta Leasaithe *Bille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil Meán* (2020).

Áirítear le láithreán gréasáin an Choimisiúin www.lawreform.ieTábla um Chur i bhFeidhm ina gcuimsítear léargas ginearálta ar chur i bhfeidhm Thuarascálacha an Choimisiúin, a nuashonraítear ar bhonn rialta.

## ATHBHREITHNIÚ MIONSONRAITHE AR OBAIR AN CHOIMISIÚIN AGUS CUR I BHFEIDHM IN 2020

Pléitear an t-ábhar sa chuid seo den chaibidil faoi na naoi dteideal ghinearálta seo a leanas:

1. An Cúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí.
2. Na Cúirteanna, Dlí Poiblí agus Forfheidhmiú Rialála.
3. Dlí sa Ré Dhigiteach.
4. An Dlí agus an Nós Imeachta Coiriúil.
5. An Dlí Sibhialta agus Tráchtála.
6. Dlí Fianaise.
7. Dlí Teaghlaigh.
8. Dlí na Talún, Comharbas agus Iontaobhais.
9. Dlí idirnáisiúnta.

### 1. AN CÚIGIÚ CLÁR UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

Tá sliocht sa *Chúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí* (LRC 120-2019) as gach ceann de na 15 thionscadal sa Chlár, sa mhullach ar chur síos ar an bpróiseas comhairliúcháin agus na prionsabail threoracha a chuir an Coimisiún i bhfeidhm agus na tionscadail á roghnú.

Is iad na 15 thionscadal sa Chúigiú Clár:

1. Athchóiriú Comhlachtaí Breithnithe Neamhchúirte agus Achomhairc leis na Cúirteanna;
2. Creat Rialála chun Daoine Fásta a Chosaint;
3. Príobháideachas agus Teicneolaíocht sa Ré Dhigiteach;
4. Pianbhreitheanna Struchtúracha a Ghearradh;
5. Athbhreithniú agus Comhdhlúthú a dhéanamh ar an Dlí Cionta Gnéasacha;
6. Mionn Éithigh;

7. Íospartaigh na Coireachta a Chúiteamh;
8. Coinneáil faoi Choimeád an Gharda Síochána a Rialáil;
9. Caidhpeanna ar Dhamáistí i nDlíthíocht Díobhálacha Pearsanta;
10. Orduithe Costas Cosanta;
11. Dliteanas Óstán agus Bunaíochtaí Gaolmhara;
12. Dliteanas Comhlachas Neamhchorpraithe;
13. Gnéithe de Dhlí na Fianaise;
14. Gnéithe den Dlí Teaghlaigh;
15. Gnéithe den Dlí Talún agus Tíolactha.

Rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach i rith 2020 ar roinnt de na tionscadail seo, foilsiú *Tuarascáil ar Dhamáistí a Chaidhpeáil i gCaingne Díobhálacha Pearsanta* (LRC 123-2020) (Tionscadal 9) agus *Páipéar Saincheisteanna i mBéarla Neamhchasta ar Chreat Rialála chun Daoine Fásta a Chosaint* (LRC PLEIP 18-2020) (Tionscadal 2) san áireamh. Leagtar amach thíos sonraí breise ar na tionscadail seo agus ar thionscadail reatha eile, faoin gCeathrú Clár agus an Cúigiú Clár.

## 2. NA CÚIRTEANNA, DLÍ POIBLÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ

### RIALÁLA 2.(a) Creat Rialála chun Daoine Fásta a Chosaint

Rinne an Coimisiún obair i mí na Nollag 2019 ar a *Pháipéar Saincheisteanna ar Chreat Rialála chun Daoine Fásta a Chosaint* (LRC IP 18-2019), a d'fhoilsigh sé in Eanáir 2020, agus baineann sé le tionscadal atá mar chuid de *Chúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí* (Tionscadal 2) de chuid an Choimisiúin. D'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Saincheisteanna i mBéarla Neamhchasta ar Chreat Rialála chun Daoine Fásta a Chosaint* (LRC PLEIP 18-2020) freisin in 2020. Is é cuspóir an leagain Bhéarla neamhchasta go mbeartaíonn an Coimisiún go mbíonn an deis ag a mhéid daoine agus is féidir plé a dhéanamh ar na hathchóirithe atá á mbreithniú sa tionscadal seo faoi na 11 phríomhtheideal a thagann chun solais sa tionscadal seo. Is tábhachtach, ach go háirithe, go ndéanann daoine a bhraitheann go ndéanfaidh na hathchóirithe difear dóibh ina saol laethúil teagmháil leis an gCoimisiún. Rinne an Coimisiún idirchaidreamh i rith 2020 le réimse comhairlithe maidir leis an tionscadal seo: oibrithe sóisialta, cleachtóirí dlí, comhaltaí an Gharda Síochána, gairmithe meabhairshláinte, comhaltaí den phobal acadúil agus, thar aon ní eile, baill den phobal a ndéanfaidh na hathchóirithe a bheartaítear difear dóibh.
Ghlac an Coimisiún páirt freisin in *Sraith Comhdhálacha na gCúig Náisiún: Daoine Fásta a Chosaint agus a Chumhdach agus Tacú leo (The Adult Support and Protection and Safeguarding Five Nations Conference Series):* líonra ina gcasann taighdeoirí, cleachtóirí agus an lucht déanta beartas ó Éirinn, Tuaisceart Éireann, Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag, Oileáin Mhuir nIocht agus Giobráltar le chéile, le smaointe a roinnt agus dea-chleachtas a shainaithint i dtaobh daoine fásta a chosaint.

Beartaíonn an Coimisiún a Thuarascáil maidir leis an tionscadal seo a fhoilsiú sa chéad leath in 2022.

### 2.(b) Comhlachtaí Breithnithe Neamhchúirte agus Achomhairc leis na Cúirteanna

Thosaigh an Coimisiún le hobair mhionsonraithe scóipeála in 2019 ar Thionscadal 1 sa Chúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí, ina ndéantar scrúdú ar an gcaidreamh idir comhlachtaí breithnithe agus na cúirteanna. Faoi mar a bhíonn i gceist le formhór na ndlínsí, tá réimse mór comhlachtaí gar-bhreithiúnacha in Éirinn anois a mbronntar cumhacht orthu sa

reachtaíocht, de ghnáth, le breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna agus díospóidí i limistéir faoi leith. Áirítear leo an Bord Pleanála, an Bord Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe agus an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh. Tá géarghá le flúirse na gcomhlachtaí breithnithe siúd i stát nua-aimseartha riaracháin, ach tá borradh tagtha fúthu le go leor blianta anuas ar bhonn cás ar chás, gan aon chur chuige caighdeánach a bheith ann i leith ceisteanna nós imeachta ná a gcaidreamh leis na cúirteanna, trí achomharc nó athbhreithniú san áireamh.

Scrúdóidh an tionscadal seo, ar an ábhar sin, an cás le haghaidh córas athchóirithe, an cur chuige i leith ceisteanna fianaiseacha san áireamh agus na bealaí achomhairc leis na cúirteanna a shimpliú i measc na gcomhlachtaí siúd. Cuirfidh an Coimisiún athchóirithe i ndlínsí eile san áireamh, cosúil leo siúd a achtaíodh sa Ríocht Aontaithe sa *Tribunals, Courts and Enforcement Act, 2007*, inar cuireadh forálacha bunreachtúla ábhartha san áireamh, cosúil leo siúd in Airteagail 34 agus 37. Beartaíonn an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin a fhoilsiú ar an tionscadal seo in 2022.

## 3. DLÍ SA RÉ DHIGITEACH

### 3.(a) Inrochtaineacht na Reachtaíochta sa Ré Dhigiteach

D'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Inrochtaineacht na Reachtaíochta sa Ré Dhigiteach* (LRC 125-2020) in 2020, a chríochnaigh Tionscadal 11 ón 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí. Cuireann an Tuarascáil le tiomantas láidir an Choimisiúin faoi láthair d'fheabhas a chur ar inrochtaineacht ár ndlíthe agus, go mór mór, na dlíthe siúd a dhéanamh inrochtana ar líne, agus pléitear é seo i gCaibidil 3 thíos. Tugadh le fios sa Tuarascáil go bhfuil os cionn 3,000 Acht i bhfeidhm (arb ionann breis agus 1,000 díobh agus Achtanna a achtaíodh roimh 1922 sular bunaíodh an Stát) agus gur leasaíodh tromlach mór na nAchtanna seo go leor uaireanta, ach níl siad go léir ar fáil ina bhformáid cothrom le dáta, faoi mar a leasaíodh iad. Áirítear leis an Tuarascáil anailís ar na céimeanna tábhachtacha a rinneadh go dtí seo lenár stoc reachtaíochta a bhainistiú, agus a mholadh, i gcomhthráth, go bhféadfaí feabhsúcháin bhreise a bhaint amach.

Moladh sa Tuarascáil, ach go háirithe, gur cheart go mbeadh cláir ilbhliana bheartaithe ann leis an reachtaíocht a chomhdhlúthú, faoi mhaoirseacht Ghrúpa ilghníomhaireachta Inrochtaineachta agus Comhdhlúthaithe. Moladh sa Tuarascáil gur cheart na limistéir seo a leanas a bhreithniú lena gcuimsiú sa chéad chlár beartaithe de chomhdhlúthuithe: (a) trácht ar bhóithre; (b) fostaíocht; (c) cearrbhachas a shrianadh; (d) alcól a dhíol;
(e) séadchomharthaí agus oidhreacht seandálaíochta; (f) cosaint tomhaltóirí; agus (g) tiarnaí talún agus tionóntaí.

Moladh sa Tuarascáil freisin gur cheart stádas oifigiúil teanntásach a bhronnadh ar an leagan ar líne den reachtaíocht ar Leabhar leictreonach Reachtanna na hÉireann (eISB), arb é an phríomhfhoinse sonraí reachtaíochta sa Stát (faoi mar a tharla cheana féin in go leor eile stáit Eorpacha agus i gcás dhlí an AE), chomh fada agus a ghabhann síniú leictreonach cáilithe leis an leagan ar líne a chomhlíonann Rialachán 2014 an AE maidir le haitheantas agus sínithe leictreonacha a chomhaithint (Rialachán eIDAS).

Moladh sa Tuarascáil gur cheart Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a úsáid freisin agus an leas is mó agus is féidir á bhaint as leis an reachtaíocht a dhéanamh níos

inrochtana ar líne: ba cheart go n-áireofaí leis seo eolas ábhartha a nascadh le téacs féin na reachtaíochta, Tuarascálacha cúlra, Anailís ar Thionchar Rialála (ATRanna), tuarascálacha iniúchta réamhreachtaíochta agus iar-reachtaíochta an Oireachtais, agus an cásdlí ábhartha ó na cúirteanna san áireamh. Moladh freisin gur cheart don Ghrúpa Inrochtaineachta agus Comhdhlúthaithe Reachtaíochta a bheartaítear treoir a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le caighdeáin bheartais reachtaíochta.

### 3.(b) Cumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach

D'eascair *an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020*, a tosaíodh in 2017 mar Bhille Comhalta Phríobháidigh, ó thograí dlí choiriúil in *Tuarascáil ar Chumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach* (LRC 116-2016) de chuid an Choimisiúin (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 6). Tháinig Acht 2020 i bhfeidhm an 10 Feabhra 2021: *An tOrdú fán Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara (Tosach Feidhme), 2021* (I.R. Uimhir 53 de 2021).

In Eanáir 2020, d'fhoilsigh an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus na Meán ar Líne, lena n-áirítear a bheartú Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne a bhunú, a moladh i dTuarascáil 2016 an Choimisiúin freisin. D'fhoilsigh an Rialtas Scéim Ghinearálta Leasaithe an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus na Meán ar Líne i Nollaig 2020, lena n-áirítear cumhachtaí rialála suntasacha don Choimisinéir a bheartaítear, agus a bhain leas sainráite as an gcroíshraith cumhachtaí rialála a shainaithnítear in *Tuarascáil ar Chumhachtaí Rialála agus Cionta Corparáideacha* (LRC 119-2018) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, tionscadal 1) de chuid an Choimisiúin. Rinne an Coimisiún (mar fhreagairt d'iarraidh a rinneadh an Coiste) aighneacht scríofa i Márta 2021 ar Scéim Ghinearálta Leasaithe an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus na Meán ar Líne le Comhchoiste um Meáin, Turasóireacht, Ealaíona, Cultúr, Spóirt agus Gaeltacht an Oireachtais.

## 4. NÓS IMEACHTA DLÍ CHOIRIÚIL

### 4.(a) Pianbhreitheanna ar Fionraí

*D'fhoilsigh an Coimisiún Tuarascáil ar Phianbhreitheanna ar Fionraí* (LRC 123-2020) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 5) dá chuid in 2020.

Sainaithníodh sa Tuarascáil príomhphrionsabail a bhuntacaíonn le pianbhreith ar fionraí a ghearradh, na cúinsí ábhartha san áireamh nach cuí sin a dhéanamh agus nuair a mheastar gur cheart pianbhreith choinneála a ghearradh. Rinneadh sraith moltaí sa Tuarascáil freisin a bhaineann leis an bpianbhreith ar fionraí, an méid seo a leanas ina measc: roghanna eile ar phianbhreitheanna ar fionraí do chiontóirí linbh; bainistíocht sonraí agus TFC a úsáid; agus comhoibriú idir gníomhaireachtaí ábhartha sa chóras dlí choiriúil.

### 4.(b) Athbhreithniú agus Comhdhlúthú a dhéanamh ar an Dlí Cionta Gnéasacha

Tar éis gur foilsíodh *Tuarascáil ar Eolas nó ar Chreideamh a bhaineann le Toiliú sa Dlí Éignithe* (LRC 122-2019) (a d'eascair as iarraidh a rinne an tArd-Aighne), thosaigh an Coimisiún le hobair scóipeála in 2019 ar Thionscadal 5 sa Chúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí, ina ndéantar scrúdú ar an dlí reatha maidir le cionta gnéasacha ag féachaint leis an dlí a chomhdhlúthú. Cuirfear i gcuntas mar is cuí sa tionscadal an obair ábhartha a rinne an Roinn Dlí agus Cirt maidir le cionta gnéasacha. Beartaíonn an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin a

fhoilsiú ar an tionscadal seo in 2022.

**4.(c) Nós imeachta coiriúil: éisteachtaí réamhthrialach agus eolas giúiré**
D'fhoilsigh an Rialtas Scéim Leasaithe *Bille um Nós Imeachta Coiriúil* i Meán Fómhair 2020, a foilsíodh ina dhiaidh sin mar *an mBille um Nós Imeachta Coiriúil 2021*, agus bhí gach céim i nDáil Éireann bainte amach aige ag tráth an scríofa (Márta 2021). Chuirfeadh an Bille moltaí i bhfeidhm ar éisteachtaí réamhthrialach a bhaineann le cáipéisí a nochtadh in *Tuarascáil ar Nochtadh agus Follasú i gCásanna Coiriúla* (LRC 112- 2014), agus eolas do ghiúiréithe sa *Tuarascáil ar Sheirbhís Ghiúiré* (LRC 107-2013).

## 5. AN DLÍ SIBHIALTA AGUS TRÁCHTÁLA

**5.(a) Tuarascáil ar Dhamáistí a Chaidhpeáil i gCaingne Díobhálacha Pearsanta**
D'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Chaidhpeáil Damáistí i gCaingne Díobhálacha Pearsanta* (LRC 123-2020) in 2020, a chuir obair i gcrích ar thionscadal a naoi sa Chúigiú Clár, ar thug an Coimisiún tús áite dó i dtaobh na tábhachta ginearálta a bhaineann leis seo i measc bhaill uile na sochaí. Níor cuireadh ach an cheist sa tionscadal, agus sa Tuarascáil, cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh sé ceadmhach go bunreachtúil, nó ar bhealach inmhianaithe eile, reachtaíocht a achtú a chuireann caidhp ar chásanna damáistí ginearálta agus díobhálacha pearsanta. Baineadh an tátal as sa Tuarascáil, i dtuairim an Choimisiúin gur shásaigh an creat reachtaíochta do Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta, dá bhforáiltear san *Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019* critéir ábhartha bhunreachtúla, agus gurb inmhianaithe gur cheart roinnt ama a thabhairt don chreat seo chun oibriú i gcleachtas. Baineadh an tátal as sa Tuarascáil freisin, i dtuairim an Choimisiúin, go sásódh dara samhail reachtaíochta fhéideartha, ina bhfuil comhghnéithe ó reachtaíocht an RA agus na hAstráile, na critéir bhunreachtúla a sainaithníodh sa Tuarascáil. Leagtar béim sa Tuarascáil gur ceist iad roghanna reatha nó beartaithe reachtaíochta ar cheart don Rialtas plé léi, i ndeireadh na dála, agus go bhféadfadh an tArd-Aighne comhairle a sholáthar ina taobh.

**5.(b) Dliteanas as comhlachais neamhchorpraithe (clubanna san áireamh)**
Lean an Coimisiún le Dréachtpháipéar Comhairliúcháin a fhorbairt i rith 2020 ar Thionscadal 12 sa Chúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí, ina ndéantar scrúdú ar dhliteanas sibhialta comhlachas neamhchorpraithe. Chuir an Chúirt Uachtarach an dearcadh dlí choitinn seanbhunaithe i bhfeidhm, in *Hickey v McGowan*,[8] nach bhfuil aon charachtar ar leith dlíthiúil ag comhlachas neamhchorpraithe ar leith óna chomhaltaí. Shainaithin an Chúirt freisin an gá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhliteanas sibhialta comhlachas neamhchorpraithe, catagóir ina raibh go leor oird rialta agus ina leantar le go leor cumainn spóirt agus eagraíochtaí pobail agus sóisialta eile a chur san áireamh. Beartaíonn an Coimisiún an Páipéar Comhairliúcháin maidir leis an tionscadal seo a fhoilsiú sa chéad leath in 2022.

## 6. DLÍ FIANAISE

### Glacadh le taifid ghnó mar fhianaise i gcásanna sibhialta

Rinne Cuid 3, Caibidil 3 den *Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020* na moltaí a chur i bhfeidhm a rinneadh in *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Ghnéithe Dhlí na Fianaise* (LRC 117-2016) an Choimisiúin inar cheart taifid ghnó a bheith incheadaithe i gcásanna sibhialta, faoi réir cosaintí nós imeachta lena chinntiú go bhfuil na taifid iontaofa. Baineann na forálacha seo le taifid cháipéisíochta cosúil le ríomhphoist, litreacha nó taifid ospidéil, cibé acu má ghineann agus má stórálann eagraíochtaí earnála príobháidí nó poiblí iad. Léirítear go mór mór i bhforálacha ábhartha in Acht 2020 ailt 48 go 56 den *Dréachtbhille Fianaise* i dTuarascáil 2016 an Choimisiúin. Thug Acht 2020 imeachtaí sibhialta ar aon dul, go mór mór, leis na forálacha inchomparáide maidir le hinghlacthacht taifid ghnó i gcásanna coiriúla a achtaíodh san *Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992*. Is í an éifeacht ná nach gcloíonn an dlí i gcásanna sibhialta agus coiriúla leis an gcinneadh a rinne Teach Tiarnaí an RA in *Myers v an SIP* [1965] AC 1001, a cáineadh go fairsing, a chuir an riail chlostráchta dlí choitinn i bhfeidhm le hinghlacthacht na dtaifead sin a eisiamh.

[8] [2017] IESC 6, [2017] 2 IR 196.

## 7. DLÍ TEAGHLAIGH

### Cúirteanna Teaghlaigh

D'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais Scéim Ghinearálta *Bille um an gCúirt Teaghlaigh* i Meán Fómhair 2020. Dhéanfadh an Bille, dá n-achtófaí é, na moltaí siúd a chur i bhfeidhm in Tuarascáil ar na Cúirteanna Teaghlaigh (LRC 52-1996) de chuid an Choimisiúin a bhaineann le struchtúr aontaithe a bhunú laistigh de chóras na gcúirteanna chun déileáil le ceisteanna dlí teaghlaigh.

## 8. DLÍ NA TALÚN, COMHARBAS AGUS IONTAOBHAIS

### Fáil éigeantach talún

I rith 2020, lean an Coimisiún lena anailís a fhorbairt ar Thuarascáil a fhorbairt maidir le fáil éigeantach talún (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 8). Beartaíonn an Coimisiún a Thuarascáil maidir leis an tionscadal fadréimseach seo a fhoilsiú in 2022.

## 9. DLÍ IDIRNÁISIÚNTA

Chríochnaigh an Coimisiún obair in 2020 ar a thionscadal ar dhlí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 10) trína Phléph©áipéar ar Chur i bhfeidhm Oibleagáidí Idirnáisiúnta sa Dlí Intíre (LRC 124-2020) a fhoilsiú. Is éagsúil an Pléph//áipéar ó go leor foilseacháin deiridh eile an Choimisiúin maidir le tionscadal, sa mhéid is go bhfuil sé tuairisciúil, go príomha. Chuir sé léargas ginearálta ar fáil ar idirchaidreamh an Stáit leis an bpobal idirchaidreamh le agus ar an tionchar suntasach a d'imir seo ar ábhar dhlí na hÉireann. Rinneadh cur síos sa Pléph© Plépháipéar freisin ar dhea-chleachtas agus a oibleagáidí idirnáisiúnta á chur i bhfeidhm ag an Stát. Áiríodh leis seo treochláir a úsáid (a úsáideadh, mar shampla, maidir leis na céimeanna i dtreo Choinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú in 2018) agus Anailís Tionchair Rialála (ATRanna, a úsáideadh, mar shampla, maidir leis na céimeanna i dtreo coinbhinsiúin idirnáisiúnta mhuirí agus mhara a dhaingniú). Cuireann na modhanna dea-chleachtais seo leibhéil thábhachtacha trédhearcachta agus soiléireachta ar fáil maidir leis an tionchar féideartha a imríonn ár n-oibleagáidí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm ar dhlí na hÉireann.

Is é an Plépháipéar an dara haschur agus an t-aschur deiridh ón tionscadal seo. Ba é an t-aschur eile *Dréachtfhardal Comhaontuithe Idirnáisiúnta inar iontráil an Stát* (LRC IP 14-2018), a foilsíodh in 2018, le tacaíocht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, ina bhfuil dréachtfhardal ábharbhunaithe de chonarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta, ina bhfuil 1,400 iontráil a eagraítear faoi bhreis agus 30 teideal ábhair. Cuireann an cur chuige seo leis an gcur chuige ábharbhunaithe a úsáidtear i Liosta Aicmithe Reachtaíochta an Choimisiúin, a chruthaíonn cuid den obair seo maidir le hInrochtaineacht Reachtaíochta, a phléitear i gCaibidil 3 thíos.

# CAIBIDIL 3
# OBAIR ROCHTANA AR REACHTAÍOCHT IN 2020

## RÉAMHRÁ

Leasaítear an reachtaíocht in Éirinn go minic, faoi mar a bhíonn i gceist i bhformhór mór na dtíortha. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh athrú suntasach teacht ar an reachtaíocht, faoi mar a achtaíodh í, le himeacht ama. Tá obair an Choimisiúin ar Rochtain ar Reachtaíocht in ainm is é a dhéanamh níos fusa ar gach úsáideoir teacht ar an dlí faoi mar atá sé faoi láthair, seachas faoi mar a rinneadh í i dtosach báire. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, cuireann an Coimisiún 3 phríomhacmhainn ar fáil: an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Athbhreithnithe agus an Liosta Aicmithe Reachtaíochta. In 2019, thosaigh an Coimisiún obair ar an gceathrú hacmhainn, an Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil roimh 1922 (an CADR).

Bunachar sonraí ar líne é an tEolaire Reachtaíochta (an ER) a chuireann ar chumas úsáideoirí Leabhar Reachtanna na hÉireann leictreonach a shainaithint cibé acu ar leasaíodh nó nár leasaíodh Acht nó Ionstraim Reachtúil (IR) nó an ndearnadh difear dó ar bhealach eile ó achtaíodh é.

Nuashonraíodh an tEolaire Reachtaíochta i rith 2020 ar bhonn seachtainiúil. Anuas air sin, lean an Coimisiún le sonraí a chur sna táblaí formáide nua "Tosach Feidhme" agus "IRanna a rinneadh faoin Acht". Tar éis gur ghabh an Coimisiún siar go dtí 1947 in 2019, chríochnaigh an Coimisiún an obair seo siar go dtí 1922 in 2020.

Anuas air sin, déanann an Coimisiún Achtanna Athbhreithnithe a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú a léiríonn gach Acht leasaithe agus gach ceann dá leasuithe a nótáil go hiomlán in aon cháipéis amháin. Cuireann seo ar chumas an léitheora an tAcht a fheiceáil faoi mar atá sé, faoi láthair, anuas ar fhaisnéis faoi leaganacha roimhe seo, cén forálacha nó leasuithe a tosaíodh agus cathain a tosaíodh iad, agus iad siúd nár tosaíodh go fóill a fheiceáil. Chuir an Coimisiún 20 Acht Athbhreithnithe níos mó leis an liosta in 2020, agus bhain sé an líon ab airde 400 Acht Leasaithe amach a choimeádtar cothrom le dáta.

Liosta Achtanna agus IRanna atá sa Liosta Aicmithe atá i bhfeidhm go fóill (agus ní áirítear, ar an ábhar sin, Achtanna ná IRanna a rinneadh a chúlghairm leo), a rangaítear faoi 36 teideal ábhair nó teideal agus a sainaithníodh le Ranna Rialtais ábhartha. Is gnách go bhfoilsítear reachtaíocht in ord croineolaíoch, seachas de réir ábhair. Ceadaíonn an Liosta Aicmithe d'úsáideoir breis agus 2,000 Acht atá i bhfeidhm agus breis agus 15,000 IR atá i bhfeidhm a chuardach de réir ábhair.

Is éard a bhaineann le hobair an Choimisiúin ar an CADR roimh 1922 ná scrúdú a dhéanamh ar cén reachtaíocht thánaisteach a rinneadh idir 1821 agus 1922 ba cheart a chúlghairm nó a choimeád. Cuirfidh seo cinnteacht thábhachtach ar fáil maidir leis an ngné seo de stoc reachtaíochta an Stáit.

Coimeádann an Coimisiún an tEolaire Reachtaíochta (an ER), a fhoilsítear ar láithreán gréasáin Leabhar Reachtanna na hÉireann leictreonach (eISB) a dhéanann Oifig an Ard-Aighne a óstáil.

Déanann an ER éifeachtaí na reachtaíochta nua go léir i leith na reachtaíochta reatha a lua i dtáblaí a bhaineann le gach Acht. Mar shampla, leis na hathruithe go léir a fheiceáil a dhéantar ar *an Acht Comharbais, 1965* ó achtaíodh é, féadfaidh úsáideoir teacht ar Acht 1965 ar an eISB, agus an táb "Leasuithe, Tosach Feidhme agus IRranna a rinneadh faoin Acht" a chliceáil lena fheiceáil conas a leasaíodh an tAcht ón mbliain 1965.

Áirítear leis an ER táblaí le haghaidh Achtanna roimh 1922 atá i bhfeidhm go fóill. Áirítear leis, chomh maith, táblaí d'ionstraimí reachtúla agus éifeachtaí reachtaíochta a rinne ionstraimí reachtúla ón dáta reatha siar go dtí an 1 Eanáir 1972, agus táblaí neamhiomlána roimh an dáta sin. In 2016, de bhun Cás Gnó, fuair an Coimisiún faomhadh sonrach breise do chistiú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA) chun an tEolaire a shíneadh d'ionstraimí reachtúla siar go dtí 1972 nuair a ghlac Éire le ballraíocht san Aontas Eorpach (na Comhphobail Eorpacha ag an tráth sin). I ndiaidh tabhairt faoi fheachtas earcaíochta a fógraíodh go poiblí go luath in 2017 don tionscadal seo, cuireadh tús le hobair air seo in Aibreán 2017, agus cuireadh i gcrích í laistigh den tréimhse bheartaithe dhá bhliain i Márta 2019. Níl aon phleananna ann faoi láthair leis an ER a shíneadh do IRanna siar go dtí an bhliain 1972.

Choimeád an Coimisiún an ER in dhá fhormáid, formáid níos sine a fuair an Coimisiún le hoidhreacht in 2006, inar liostaíodh leasuithe ar Achtanna amháin, agus formáid níos nua a thug an Coimisiún isteach lena n-áirítear táblaí ina gcuimsítear faisnéis faoi thosach feidhme agus IRanna a rinneadh faoin Acht, anuas ar an liosta leasuithe. Mar gheall ar an obair bunaithe ar an gcistiú ón RCPA, síneadh an fhormáid nua siar ó 1990 go 1947, agus rinne foireann Rochtana ar Reachtaíocht an Choimisiúin an cinneadh, le tacaíocht ón gCoimisiún, leanúint leis an tionscadal seo siar go dtí 1922, agus chríochnaigh sé an tionscadal in 2020. Mar thoradh air sin, tiocfaidh an léitheoir ar iontráil aonair ER do gach ceann de na hAchtanna siúd, eolas faoi thosach feidhme, leasuithe, agus IRanna a rinneadh faoi gach Acht maidir leis na hAchtanna go léir a achtaíodh ó bunaíodh an Stát, cosúil le hAcht Uimhir 2 de 1922, *an tAcht um Oiriúnú Achtanna, 1922*,[9].

Coimeádadh an ER cothrom le dáta gach seachtain in 2020.

9 Tá iontráil ar leith san ER d'Acht Uimh.1 ón mbliain 1922, *an tAcht um Bun-Reacht Shaorstáit Éireann, 1922*, a d'achtaigh Dáil Éireann mar Thionól Bunreachta. Rinne Airteagal 48 de Bhunreacht na hÉireann an tAcht seo a aisghairm an 29 Nollaig 1937, an dáta a tháinig Bunreacht na hÉireann i bhfeidhm.

## ACHTANNA ATHBHREITHNITHE

Ullmhaíonn agus nuashonraíonn an Coimisiún comhdhlúthuithe riaracháin ar líon méadaitheach Achtanna ar a dtugtar Achtanna Athbhreithnithe. Chuir an Coimisiún 20 Acht Leasaithe níos mó leis an liosta in 2020, agus bhain sé an líon ab airde 400 Acht Athbhreithnithe amach a choimeádtar cothrom le dáta. Achtanna iad thart ar leath na nAchtanna seo ón mbliain 2005 ar aghaidh a rinneadh a leasú i dtaobh téacs de (cosúil le *hAcht na gCuideachtaí, 2014, agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018*), seachas Achtanna Airgeadais agus *an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005*, a bhfuil Acht Athbhreithnithe á ullmhú dó faoi láthair, faoi mar a luaitear thíos. Is iad na hAchtanna Athbhreithnithe eile Achtanna roimh 2005 agus áirítear grúpaí leo cosúil le hAchtanna um an dlí fostaíochta, dlí leanaí, dlí teaghlaigh agus um thrácht ar bhóithre. Áirítear leo Achtanna a mbaintear go leor úsáide astu, cosúil le *hAcht na nArm Teine, 1925*, *an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961*, *an tAcht Comharbais, 1965*, *Acht na gComhphobal Eorpach, 1972*, *an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984*, *an tAcht um Rialú Foirgníochta, 1990* agus *an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*. Cabhraíonn obair an Choimisiúin ar an Eolaire Reachtaíochta le hullmhú na nAchtanna Athbhreithnithe.

Nuashonraítear na hAchtanna Athbhreithnithe laistigh de mhí nó dhó i ndiaidh go leasaítear iad agus foilsítear iad ar láithreán gréasáin an Choimisiúin. Ceanglaítear ar bhonn aonair iad ón Acht bunúil ábhartha ar an eISB, agus cuirtear an rogha ar fáil chun iad a thaispeáint de réir ailt agus de réir Acht iomlán i bhformáid HTML, le hanótálacha, agus de réir Acht iomlán i bhformáid PDF, le hanótálacha agus gan anótálacha. Áirítear leis na hanótálacha foinsí aon athruithe agus faisnéis faoi thosach feidhme. Ullmhaíodh breis agus 300 leasú ar Achtanna Athbhreithnithe in 2019 laistigh de 2 mhí tar éis go ndearnadh leasuithe, agus rinneadh nuashonruithe iolracha ar an Acht céanna corruair.

Is féidir súil a chaitheamh orthu ag http://revisedacts.lawreform.ie/revacts/alpha.

Lean an Coimisiún le hidirchaidreamh a dhéanamh in 2020 leis an Roinn Coimirce Sóisialaí le hoibriú go comhoibritheach ag féachaint leis *an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005* athbhreithnithe a ullmhú agus a fhoilsiú. Cuimseofar ann seo gach leasú ar Acht 2005 a rinneadh ó 2005 i measc 26 Acht Leasaithe Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) agus, a bheag nó a mhór, i measc 14 Acht eile an Oireachtais. Áireofar leis an Acht Athbhreithnithe freisin mionsonraithe eagarthóireachta le cúpla céad ionstraim reachtúil a rinneadh faoi Acht 2005, nó a rinneadh faoi rialacháin níos luaithe ach a lean de bheith i bhfeidhm faoi chuid 362(2) d'Acht 2005. Tá obair ar siúil ag oifigeach sinsearach sa Roinn i gcomhréir go hiomlán le Lámhleabhar Oibriúcháin an Choimisiúin um Ullmhú Achtanna Athbhreithnithe. Ós rud é

go bhfuil an obair i gceist á déanamh ag ball foirne reatha na Roinne agus foireann reatha an Choimisiúin, níltear ag súil go mbeidh aon chostais bhreise i gceist leis an tionscnamh seo. Creideann an Roinn agus an Coimisiún araon go mbeidh an obair an-chabhrach nuair a bhíonn sí críochnaithe agus cinnteoidh sin go mbeidh corpas dlí leasa shóisialaigh níos inrochtana agus gur féidir é a choinneáil nuashonraithe sa todhchaí. Táthar ag súil go mbeidh an tAcht Athbhreithnithe críochnaithe in 2021 agus go gcuirfear ar fáil ansin é ar láithreán gréasáin eISB an Choimisiúin agus láithreán gréasáin na Roinne.

Thosaigh an Coimisiún in 2020 lena chomhionann de shocrú comhoibritheach le hoifigigh sa Roinn Iompair maidir le hAcht Athbhreithnithe a ullmhú den *Acht Loingis Cheannaíochta, 1894* (*Merchant Shipping Act, 1894*). Mar a achtaíodh é, bhí breis agus 750 alt in Acht 1894, ach rinneadh go leor díobh seo a aisghairm ó 1894 agus cuireadh Achtanna ina n-ionad a dhéanann an dlí a nuachóiriú sa limistéar tábhachtach trádála tráchtála seo, le coinbhinsiúin idirnáisiúnta mhuirí agus mhara a chur i bhfeidhm ina measc, ar tagraíodh dóibh freisin in *Plépháipéar ar Chur i bhfeidhm Oibleagáidí Idirnáisiúnta sa Dlí Intíre* (LRC 124-2020) an Choimisiúin: féach Caibidil 2, thuas. Is é an cuspóir a bhaineann le leagan Athbhreithnithe d'Acht 1894 a ullmhú go mbeidh íomhá shoiléir ag an Roinn de na forálacha eile in Acht 1894 sa chomhthéacs níos fairsinge ina ndéanfaí comhdhlúthú féideartha ar an reachtaíocht loingseoireachta ceannaithe.

## BUNACHAR SONRAÍ AN LIOSTA AICMITHE REACHTAÍOCHTA

Coinníonn an Coimisiún Liosta Aicmithe Reachtaíochta i bhFeidhm, ina gcuimsítear os cionn 2,000 Acht agus os cionn 15,000 Ionstraim Reachtúil, a eagraítear faoi 36 teideal ábhair nó teideal.
Tá fáil ar reachtaíocht don phobal faoi láthair san ord a dhéantar í agus liostaítear í ar an eISB in ord croineolaíoch de réir uimhreach. Cruthaíonn seo deacrachtaí do dhlíodóirí, comhlachtaí earnála poiblí agus don phobal araon a dhéanamh amach cén Achtanna éagsúla a dhéileálann le hábhar ar nós an dlí comhshaoil, an rialtais áitiúil nó dlí teaghlaigh. Déanann an Liosta Aicmithe na hAchtanna a ghrúpáil le chéile de réir ábhair agus is acmhainn áisiúil é dá bharr. Tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin agus tá nasc leis ó leathanach baile an eISB.

Le linn 2019, d'oibrigh an Coimisiún ar thástáil fhorleathan ar leagan bunachar sonraí an Liosta Aicmithe, agus cuireadh an leagan seo ar fáil in Eanáir 2020. Tá an Liosta Aicmithe á choinneáil nuashonraithe anois ar bhonn míosúil, agus eolaire comhtháite á úsáid ó obair Rochtana ar Reachtaíocht an Choimisiúin ar an Eolaire Reachtaíochta.

## AN CLÁR UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ REACHTÚIL ROIMH 1922

Tar éis tacaíocht a fháil ó Oifig an Ard-Aighne in 2019, thosaigh an Coimisiún le taighde leis na gnéithe áirithe eile den Chlár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (an CADR) a chríochnú. Tosaíodh leis an aschur ón CADR reatha le hachtú *an Achta um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (Réamh-1922), 2005*. Rinne an tionscadal, trí shraith cúig Acht Athbhreithnithe eile a achtaíodh idir 2007 agus 2016, slacht mór a chur ar leabhar reachtanna na hÉireann, go mór mór ní hamháin trí reachtaíocht ón tréimhse roimh 1922 agus i ndiaidh 1922 atá imithe as feidhm a aisghairm, ach trí liostaí críochnaitheacha a sholáthar d'Achtanna poiblí, áitiúla agus príobháideacha ón tréimhse roimh 1922 a coimeádadh. Chuir seo soiléireacht thábhachtach ar fáil maidir le méid na bunreachtaíochta roimh 1922 atá i bhfeidhm sa Stát go fóill.

Baineadh a chomhionann de leibhéal soiléireachta amach maidir le reachtaíocht thánaisteach roimh 1922 (tugtar ionstraimí reachtúla anois orthu) a rinneadh chomh fada leis an mbliain 1820. D'aisghair *an tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2015* gach ionstraim a rinneadh roimh an 1 Eanáir 1821 seachas méid teoranta achtanna a coimeádadh agus leagtar iad siúd amach i sceideal an Achta sin. Is éard a bhaineann le hobair an Choimisiúin ar an CADR a tosaíodh in 2019 ná scrúdú a dhéanamh ar cén reachtaíocht thánaisteach a rinneadh idir 1821 agus 1922 ba cheart a chúlghairm nó a choimeád. Achtófar Billí ar leith a dhéileálann le hionstraimí ó 1821 go 1922 mar thoradh ar an obair sin. I ndiaidh go n-achtófar iad, tabharfaidh na Billí seo léargas cuimsitheach ar reachtaíocht thánaisteach roimh 1922 a chuireann leis an léargas cuimsitheach atá faighte cheana de bharr obair an CADR ar na hAchtanna roimh 1922.

Teastaíonn ó obair an CADR teacht ar an *Dublin Gazette*, macasamhail Iris Oifigiúil roimh 1922, atá ar fáil i bhformáid chruachóipe amháin agus ina bhfuil ceann de na foinsí is tábhachtaí de théacs iomlán ionstraimí tánaisteacha roimh 1922. Chuir Coimisiún Thithe an Oireachtais teacht ar fáil ar Dublin Gazette, ach mar gheall ar chineál annamh na n-imleabhar seo agus ar an mbail leochaileach atá orthu, ní féidir teacht orthu ach in áitribh

áirithe. Ag eascairt as paindéim COVID-19 agus as an ngá le cloí le treoirlínte sláinte poiblí, cuireadh srian mór ar theacht ar na himleabhair ábhartha ag an bhfoireann triúir a sannadh don CADR i rith 2020.

Dá ainneoin sin, mar chuid dár bplean leanúnachais gnó don bhliain 2020, cuireadh socruithe rochtana teoranta a tháinig leis na treoirlínte sláinte poiblí i bhfeidhm lena chinntiú go bhféadfaí leanúint lena mhéid dul chun cinn agus b'indéanta ar an taighde ar an CADR. Mar thoradh air sin, dréachtaíodh Meabhrán don Rialtas sa mhullach ar an Dréachtscéim/Cinn Bhille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (Ionstraimí roimh 1922) in 2020 ag féachaint lena chur faoi bhráid an Rialtais in 2021. Baineann an Bille seo le hionstraimí i gcaitheamh na tréimhse ar a ndearnadh taighde ó 1821 go 1860. I ndiaidh gur faomhadh an Meabhrán Rialtais, tabharfaidh an Coimisiún faoi chomhairliúchán poiblí oiriúnach maidir le hábhar na Dréachtscéime/Cinn Bhille.

# CAIBIDIL 4
# RIARACHÁN AGUS TACAÍOCHT TAIGHDE IN 2020

## RÉAMHRÁ

Cuireann foireann bheag riaracháin an Choimisiúin seirbhísí éifeachtacha, nua-aimseartha agus gairmiúla corparáideacha riaracháin agus gnó ar fáil don Choimisiún d'fhonn tacú leis chun a chuspóirí a bhaint amach. Áirítear leis seo seirbhísí tacaíochta gnó cosúil le bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht airgeadais, tacaíocht dlí agus chorparáideach, tacaíocht teicneolaíochta faisnéise.

Déanann an Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise ~~maoirseacht~~, athbhreithniú agus forbairt ar acmhainní clóite agus ar líne leabharlainne agus eolas dlí an Choimisiúin, agus cuireann sé acmhainní reatha feasachta agus oiliúna ar fáil don fhoireann taighde dlí agus déanann sé an limistéar 'cuardaigh ár bhfoilseacháin' de láithreán gréasáin an Choimisiúin a chothabháil.

Tugadh tábhacht fhoireann riaracháin an Choimisiúin chun solais i ndiaidh thionchar phaindéim COVID-19 in 2020. Chuir an fhoireann riaracháin agus an Coiste Bainistíochta plean leanúnachais gnó i bhfeidhm láithreach lena chinntiú go bhféadfaí leanúint d'obair an Choimisiúin go cianda agus go bhféadfaí an reachtaíocht agus na treoirlínte ábhartha a chomhlíonadh, go mór mór trí shocruithe oibre cianda a chur i bhfeidhm. Áiríodh leis seo córais bhainistíochta cháipéis bhogearraí a shuiteáil ag an bhfoireann riaracháin lena chinntiú go ndearnadh maoirseacht éifeachtach ar an aschur a foilsíodh, agus gur úsáideadh córais chianda físeáin le haghaidh cruinnithe, cruinnithe (boird) an Choimisiúin san áireamh.

Leagtar amach struchtúr eagraíochta an Choimisiúin (amhail Nollaig 2020) in Aguisín A.

## AN COIMISIÚN

Is éard atá sa Choimisiún ná an tUachtarán agus ceathrar Coimisinéirí eile. Ceapann an Rialtas na Coimisinéirí do théarma a fhaide le cúig bliana, agus féadtar a gceapachán a athnuachan. Cheap an Rialtas an Breitheamh Onórach Marye Laffoy, iarbhreitheamh na Cúirte Uachtaraí, i nDeireadh Fómhair 2018 mar uachtarán an Choimisiúin ar feadh téarma trí bliana. As an gceathrar Coimisinéirí eile, bhí sé mar chleachtas Coimisinéir amháin a cheapadh ar bhonn lánaimseartha (agus, go héifeachtach, chun gníomhú, chomh maith, mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin) agus chun an triúr Coimisinéirí eile a cheapadh ar bhonn páirtaimseartha. Is é an Coimisinéir lánaimseartha Raymond Byrne (Abhcóide) a bhí ina Stiúrthóir Taighde sa Choimisiún sular ceapadh é. Ceapadh é do théarma cúig bliana in Aibreán 2016, i ndiaidh próiseas ceapachán poiblí faoi choimirce an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC) agus na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (an SCP). Tháinig deireadh le téarma oifige triúr Coimisinéirí páirtaimseartha (an tOllamh Donncha O'Connell, Scoil an Dlí, OÉ, Gaillimh, an tUasal Tom O'Malley, Abhcóide, agus Scoil an Dlí, OÉ, Gaillimh;

agus an Breitheamh Onórach Carmel Stewart, breitheamh na hArd-Chúirte) an 31 Lúnasa 2020.

I gcomhréir leis *an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, cheap an Rialtas an triúr Coimisinéirí seo a leanas do théarmaí cúig bliana an duine, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020: an Breitheamh Onórach Maurice Collins, breitheamh na Cúirte Achomhairc, an Breitheamh Onórach Richard Humphreys, Breitheamh na hArd-Chúirte, agus an Dr Andrea Mulligan (Abhcóide) agus Ollamh Cúnta Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Tá an Coimisiún freagrach, mar chomhlacht, as tabhairt faoina fheidhmeanna reachtúla faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*. Áirítear leis seo leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhlí na hÉireann ag féachaint lena athchóiriú. Sainíodh in Acht 1975 go n-áirítear le hathchóiriú an dlí: an dlí a fhorbairt, an dlí a chódú, an dlí a shimpliú agus a nuachóiriú agus an reachtaíocht a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú. Caithfidh an Coimisiún dréachtchláir um athchóiriú an dlí a ullmhú ó thráth go chéile freisin go ndéanfaidh an Rialtas breithniú agus faomhadh orthu. Foilsíonn an Coimisiún tograí d'athchóiriú an dlí ina Thuarascálacha, ar gnách go gcuimsítear dréachtreachtaíocht iontu le haon athchóirithe a bheartaítear a chur i bhfeidhm, tar éis dul i gcomhairle maidir leis na tograí siúd i bPáipéir Chomhairliúcháin. Déanann an Coimisiún maoirseacht ar threo agus ar ábhar a aschuir thaighde go léir, a fhorbraíonn an fhoireann taighde dlí i ndréachtfhoirm thosaigh. I dtaobh tograí um athchóiriú an dlí, is é príomh-aschur an Choimisiúin a chláir um athchóiriú an dlí agus a Pháipéir Chomhairliúcháin agus a Thuarascálacha. I dtaobh na hoibre ar Rochtain ar Reachtaíocht a dhéanann sé, is é a phríomh-aschur an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Athbhreithnithe, an Liosta Aicmithe Reachtaíochta agus an Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil Roimh 1922. Déanann an Coimisiún maoirseacht agus monatóireacht freisin ar phríomhcinntí riaracháin agus airgeadais, le tacaíocht ón bhfoireann riaracháin agus ón gCoiste Bainistíochta. Casann an Coimisiún go foirmiúil mar chomhlacht ar a laghad 10 n-uaire gach bliain.

## COISTE BAINISTÍOCHTA

I rith 2020, b'éard a bhí i gCoiste Bainistíochta an Choimisiúin an Coimisinéir lánaimseartha, Ceann an Riaracháin, an Stiúrthóir Taighde agus an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht, an Leas-Stiúrthóir Taighde, an Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise, an Leas-Bhainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht agus an Bainisteoir Tionscadail um Athchóiriú an Dlí Reachtúil. Casann an Coiste Bainistíochta ar bhonn rialta le hathbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna móra go léir a bhaineann le hoibriú éifeachtúil agus éifeachtach an Choimisiúin. Ar cheann de phríomhfhreagrachtaí an Choiste is ea monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn chun na spriocanna a bhaint amach a leagtar amach i gclár oibre an Choimisiúin.

I ndiaidh gur ceapadh an triúr Coimisinéirí nua páirtaimseartha i nDeireadh Fómhair 2020, d'ullmhaigh an Coiste Bainistíochta páipéar don Choimisiún ina leagtar amach tograí do riachtanais lucht saothair an Choimisiúin amach anseo. Chuir an páipéar seo le Plean an Lucht Saothair a cuireadh faoi bhráid Oifig an Ard-Aighne in 2019 agus a rinne sí a athbhreithniú. Pléadh an páipéar seo ag an gcruinniú idir an Coimisiún agus an tArd-Aighne agus a oifigigh shinsearacha a cuireadh ar bun in Eanáir 2021. Coimeádfaidh an Coiste

Bainistíochta an páipéar seo maidir le riachtanais an lucht saothair faoi athbhreithniú gníomhach.

## AN FHOIREANN RIARACHÁIN

Bhí Ceann an Riaracháin, an tUasal Bríd Rogers agus foireann triúr foirne i bhfoireann riaracháin an Choimisiúin amhail Nollaig 2020.

I rith 2020, bhí an Riarachán freagrach go foriomlán as an méid seo a leanas:

- Bainistiú, próiseáil agus tuairisciú a dhéanamh ar na hidirbhearta airgeadais go léir sa Choimisiún;
- Bonneagar cóiríochta agus TF an Choimisiúin a bhainistiú;
- Bainistíocht ar fheidhm acmhainní daonna an Choimisiúin, lena n-áirítear eagrú na bpróiseas earcaíochta faoi réir cheadúnas earcaíochta CCSP an Choimisiúin;
- Tacaíocht riaracháin a sholáthar don fhoireann thaighde; agus
- Tabhairt faoi roinnt feidhmeanna riaracháin maidir le seoltaí foilseachán agus Páipéir agus Tuarascálacha comhairliúcháin (agus rith cló theoranta Páipéar agus Tuarascálacha) a fhoilsiú ar líne.

Déanann an Fhoireann Riaracháin socrú, ina theannta sin, chun foilseacháin an Choimisiúin a dháileadh agus pleanáil agus eagrú ar na tascanna éagsúla a bhaineann le seoladh fhoilseacháin an Choimisiúin. Eagraíonn sí bainistíocht imeachtaí agus seirbhísí corparáideacha freisin a bhaineann le seoltaí, seimineáir agus, sa chás gurb iomchuí, an chomhdháil bhliantúil. Faoi mar a luadh cheana féin, ag eascairt as paindéim COVID-19, níor chuir an Coimisiún comhdháil bhliantúil ar siúl in 2020, agus tugadh faoi sheoltaí foilseachán trí phodchraoltaí YouTube.

## SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE AGUS FAISNÉISE

Is é príomhról leabharlann an Choimisiúin súil a bheith leis agus freagair do riachtanais na gCoimisinéirí agus d’fhoireann taighde an Choimisiúin le haghaidh seirbhísí leabharlainne agus faisnéise.

D’oibrigh an Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise, an tUasal Órla Gillen, i rith 2020 le soláthraithe lena chinntiú go bhfuil rochtain amach ón láthair ag an bhfoireann ar bhailiúchán breise acmhainní ar líne, anuas ar rochtain a éascú, trí phrótacail nuashonraithe agus, nuair is féidir, rochtain ar an mbailiúchán foilseachán clóite a éascú. Chuir a nuashonrú feasachta reatha laethúil a gineadh ar bhonn intí leis na hacmhainní seachtracha seo, chomh maith le hoiliúint grúpa ar na seirbhísí éagsúla a chuireann an leabharlann ar fáil. Lean sí ag oibriú freisin le feabhas a chur ar réimse agus ar shonraí na faisnéise a sholáthair sí ar an tairseach sheachtrach chuardaigh a bhain le tionscadal agus foilseacháin chorparáideacha an Choimisiúin, atá ar fáil trí láithreán gréasáin an Choimisiúin, anuas ar thacaíocht ábhartha a sholáthar chun ullmhú do sheoltaí foilseacháin.

## AN FHOIREANN TAIGHDE

Is é príomhról na foirne taighde chun dréacht-téacsanna a fhorbairt ar a ndéanfaidh an Coimisiún breithniú. Áirítear leis seo Páipéar Scóipeála tosaigh a ullmhú do thionscadal ina leagtar amach paraiméadair na limistéar faoi phlé. I gcéimeanna deiridh tionscadail, is éard a bhaineann leis seo ná dréacht-Pháipéir Chomhairliúcháin (ar tugadh Páipéir Shaincheisteanna idir 2013 agus 2020 orthu) agus dréacht-Tuarascálacha a fhorbairt.

In 2020, bhí an Stiúrthóir Taighde i gceannas ar an bhfoireann taighde ar athchóiriú an dlí. Ag eascairt as próiseas earcaíochta poiblí i Samhain 2019, cheap an Coimisiún an tUasal Rebecca Coen mar Stiúrthóir Taighde agus ghlac sí leis an bpost i bhFeabhra 2020. Sular ceapadh í, bhí an tUasal Coen ina phríomhionchúisitheoir in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Is é an Dr Robert Noonan an Leas-Stiúrthóir Taighde. Is iad an tUasal Leanne Caulfield agus an tUasal Suzanne Scott beirt taighdeoirí dlí buana an Choimisiúin. Bhí an seisear eile d’fhoireann ochtar taighdeoirí lánaimseartha cheadaithe an Choimisiúin fostaithe ar conarthaí téarma sheasta in 2020.

Rinne Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht an Choimisiúin (an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Athbhreithnithe agus an Liosta Aicmithe Reachtaíochta), Alma Clissmann, Aturnae, agus an Leas-Bhainisteoir, Kate Doran, maoirsiú ar obair um Rochtain ar Reachtaíocht an Choimisiúin in 2020. Faoi mar a luadh cheana féin, thosaigh an Coimisiún obair ar Thionscadal um Athchóiriú an Dlí Reachtúil trí bliana a bhain le hionstraimí tánaisteacha roimh 1922 in 2019. Is é an tionscadal bainisteoir an tUasal Fiona Carroll, Aturnae, agus tá beirt taighdeoirí dlí cheadaithe bhreise atá fostaithe ar conarthaí téarma sheasta ag cuidiú léi.

Stiúrann agus bainistíonn an Stiúrthóir Taighde, le tacaíocht an Leas-Stiúrthóra Taighde, an fhoireann um athchóiriú an dlí agus taighde dlí, agus cuireann sé comhairle agus cúnamh ar fáil do na taighdeoirí, ag féachaint le haschur cuí agus cáilíocht oibre a dhearbhú. Áirítear leis seo tabhairt faoi thaighde ginearálta cúlra, Páipéir Scóipeála a ullmhú, dréachtcháipéisí agus dréacht- Pháipéir Chomhairliúcháin agus Tuarascálacha a ullmhú do bhreithniú ag an gCoimisiún. Casann an Stiúrthóir Taighde, an Leas-Stiúrthóir Taighde, an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht agus an Leas-Bhainisteoir, agus fhoireann taighde dlí ar bhonn rialta mar ghrúpa chun tuairimí a mhalartú faoi na limistéir a bhfuil siad ag tabhairt faoi thaighde orthu.

Spreagtar taighdeoirí chun rudaí a fhoilsiú sna hirisleabhair ábhartha dhlí i rith a ama leis an gCoimisiún. Áirítear leis seo déileáil le limistéir ina bhfuil baint ghníomhach ag an taighdeoir.

## AIRGEADAS

**Ioncam agus caiteachas**

Tá an Coimisiún cistithe ag cúnamh deontais ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe trí vóta bliantúil Oifig an Ard-Aighne. Leagtar an t-ioncam iomlán a fuarthas in 2020 ó gach foinse (deontas i gcabhair, go príomha, agus aon ghlanchistiú iarchurtha ó phinsin, aistrithe chuig an gcuntas caipitil agus aon aisíocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí ina measc)

amach i Ráitis Airgeadais an Choimisiúin don bhliain 2020 in Aguisín C, thíos. Chuimsigh an caiteachas a tabhaíodh tuarastail Choimisinéirí agus foirne, íocaíochtaí pinsin, cíos agus forchostais áitribh, cothabháil acmhainní leabharlann an Choimisiúin, cothabháil líonra TF agus costais chlódóireachta agus dáilte an Choimisiúin.

## SOCRUITHE RIALACHAIS

Tá an Coimisiún freagrach agus cuntasach go foriomlán as gníomhaíochtaí an Choimisiúin. Cabhraíonn Coiste Bainistíochta, agus an fhoireann Riaracháin agus an fhoireann Taighde leis an gCoimisiún sa ról sin. Is é Ard-Stiúrthóir Oifig an Ard-Aighne an tOifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún.

Faoi nósanna imeachta reatha cuntasaíochta, tarraingítear cistiú anuas ó Oifig an Ard-Aighne ar bhonn míosúil trí dheontas i gcabhair. Comhaontú seirbhíse í seo idir an Coimisiún agus Oifig an Ard-Aighne.

**Iniúchóireacht Sheachtrach**
Cuireadh cuntais leithreasa don bhliain 2020 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchóireachta agus leagtar amach iad in Aguisín C thíos. A luaithe a fhaomhtar na cuntais, cuirtear iad faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá siad curtha faoi bhráid Thithe an Oireachtais i gcomhréir leis *an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*.

**An Coiste Iniúchóireachta**
Déanann Coiste Iniúchóireachta Oifig an Ard-Aighne an Coimisiún a iniúchadh go hinmheánach freisin.

**Íocaíochtaí prasa**
Níor thabhaigh an Coimisiún aon phionóis mar gheall ar ús déanach i rith 2019 faoin *Acht um Íoc Pras Cuntas,1997,* arna leasú ag *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002.*

**Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001**
Comhlacht poiblí is ea an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí chun críocha na *nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.*

## AN CÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ

I rith thréimhse na Tuarascála Bliantúla seo, chinntigh an Coimisiún go raibh a bheartais agus nósanna imeachta ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú leasaithe 2016.

Soláthraítear sa Chód Cleachtais creat chun dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i rialachas corparáideach i measc comhlachtaí stáit tráchtála agus neamhthráchtála. Tugtar cuntas sa Chód ar cheanglais chomhlíonta atá ar chomhlachtaí neamhthráchtála stáit, ar nós an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, sna limistéir seo a leanas, a phléitear thíos:

- Tuarascálacha, Luach Saothair agus Cuntais
- Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais
- Iompar Stiúrthóirí agus Fostaithe
- Soláthar
- Taisteal agus Cothabháil
- Bainistíocht Riosca
- Ráiteas Aschuir

**Tuarascálacha, Luach Saothair agus Cuntais**
Leagtar amach in Aguisín 3 den Tuarascáil Bhliantúil seo eolas ginearálta ar ioncam agus airgeadas an Choimisiúin in 2020.

Leagtar amach in Aguisín C freisin sceideal freastail ar Chruinnithe an Choimisiúin don bhliain 2020, na táillí agus na costais a fuair gach Coimisinéir ina measc, más ann dóibh.

Cuimsítear in Aguisín C freisin figiúirí maidir leis na tuarastail, na costais agus na speansais a thabhaigh Coimisinéirí ar fhreastal ar chomhdhálacha in 2020.

**Taisteal agus Cothú**
Déanann an tAonad Seirbhísí Dlí agus Corparáideacha eitiltí agus cóiríocht a eagrú a íoc roimh ré, sa chás gurb iomchuí, i gcomhlíonadh bheartas taistil an Rialtais, agus caithfear aon chostais eile ghaolmhara a dheimhniú. Ag eascairt as paindéim COVID-19, ní dhearna an Coimisiún ná an fhoireann aon taisteal idirnáisiúnta in 2020.

**Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais**
Tá córas cuí rialaithe inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm ag an gCoimisiún a athbhreithnítear gach bliain ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ag Oifig an Ard-Aighne.

**Iompar Coimisinéirí agus Fostaithe**
Tá Cód Iompair Gnó do Choimisinéirí ag an gCoimisiún a glacadh agus a faomhadh go foirmiúil. Státseirbhísigh iad foireann Riaracháin an Choimisiúin agus ceanglaítear orthu ceanglais Chóid Chaighdeán agus Iompair na Státseirbhíse agus *an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963*.

**Soláthar**
Tugann an fhoireann Riaracháin faoi sholáthar sa Choimisiún, a chinntíonn go bhfuil soláthar ar aon dul le dlí an AE agus ciorcláin an Rialtais. Déanann siad teagmháil rialta leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun seirbhísí láraithe bainistithe, sa chás go bhfuil siad ar fáil.

**Clár Rioscaí an Choimisiúin**
Nuashonraíodh Clár Rioscaí an Choimisiúin in 2020 agus coimeádtar é faoi athbhreithniú rialta ag an gCoimisiún.

**Ráiteas Straitéise agus Clár Oibre Bliantúil**
Is ionann na Príomhchuspóirí i *Ráiteas Straitéise 2018-2020* an Choimisiúin ar leibhéal eagraíochta agus na spriocanna a leagtar amach i bplean gnó bliantúil an Choimisiúin. Déanann an Coiste Bainistíochta agus an Coimisiún monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar leis na spriocanna seo a bhaint amach ar bhonn rialta.

**Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)**
Déantar feidhmíocht chomhaltaí foirne aonair, taighdeoirí dlí san áireamh, a bhainistiú tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS).

## ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

I gcomhréir le *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáid Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009* (I.R. Uimh. 542 de 2009), agus Treoir 2006/32/CE, chinntigh an Coimisiún i rith 2020 go ndeachaigh sé i mbun na mbeart cuí i dtaca le bearta caomhnaithe agus laghdaithe fuinnimh in áitribh a oifige.

## AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 2014

Leanann an Coimisiún lena chuid oibleagáidí faoin *Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014* a chomhlíonadh i gcomhréir lena Scéim um Shaoráil Faisnéise (SF), a fhoilsítear ar a láithreán gréasáin, www.lawreform.ie. Logáiltear iarrataí SF ar Loga SF an Choimisiúin, atá mar chuid dá Scéim SF. Ní bhfuair an Coimisiún aon iarraidh SF in 2020.

## AN tACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Ceanglaítear ar an gCoimisiún, mar chomhlacht poiblí, faoi alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta, 2014* tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis an líon nochtadh cosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagairt d’aon nochtadh cosanta den saghas sin.

Rinneadh nochtadh cosanta amháin leis an gCoimisiún sa tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020. Rinneadh imscrúdú neamhspleách agus cuireadh Tuairisc le chéile ar an nochtadh seo. Baineadh an tátal as sa Tuairisc nár seasadh le haon chinn de na ceisteanna a tháinig faoi chuimsiú an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014, agus moladh sa Tuairisc, dá bharr, nár ghá don Choimisiún aon ghníomh eile a dhéanamh ar na ceisteanna siúd. Ghlac an Coimisiún le torthaí agus moltaí na Tuairisce sin.

## RÚN AN CHOIMISIÚIN MAIDIR LE RÁITIS AGUS ASCHUR AIRGEADAIS 2020

D’fhaomh an Coimisiún an téacs seo a leanas ag cruinniú an Choimisiúin a tionóladh an 13 Bealtaine 2021.

Rinne an Coimisiún ***breithniú*** ar na dréacht-Ráitis Airgeadais don Choimisiún don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 a scaip an Ceann Riaracháin roimh an gcruinniú. ***Chomhaontaigh*** an Coimisiún gur léiríodh sna dréacht-Ráitis Airgeadais i gceart méid dheontas i gcabhair an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, agus gur léirítear iontu i gceart freisin ioncam agus caiteachas míosúil an Choimisiúin i rith 2020, a rinne an Coimisiún a lua agus a fhaomhadh ag gach ceann dá chruinnithe a tionóladh in 2020, agus ag a chruinniú a tionóladh in Eanáir 2021.

***Luaigh*** an Coimisiún freisin go raibh aschur an Choimisiúin i rith 2020, lenar n-áiríodh Plépháipéar um athchóiriú an dlí ag gach trí Thuarascáil a fhoilsiú a ullmhú agus, sa chás gurb iomchuí, a fhoilsiú, dréachtfoilseacháin a fhorbairt ar beartaíodh a bhfoilsiú in 2020, agus aschur óna thaighde ar Rochtain ar Reachtaíocht, ar aon dul lena chlár obair thaighde, a rinne an Coimisiún a lua agus a fhaomhadh roimhe sin ag gach ceann de na cruinnithe a thionóil sé in 2020.”

Translation of Appendix A on next page

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | An Coimisiún<br>1 x Uachtarán<br>1 x Choimisinéir Lánaimseartha<br>3 x Choimisinéir Lánaimseartha | | |


| | | | |
|---|---|---|---|
| Taighde ar Athchóiriú an Dlí | Rochtain ar Reachtaíocht | Riarachán agus Tacaíocht | Seirbhís Leabharlainne agus Faisnéise |
| Stiúrthóir Taighde | Bainisteoir | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Leas-Stiúrthóir Taighde | Leas-Bhainisteoir | Bainisteoir Tionscadal Tionscadal Athbhreithnithe Dhlí na Reachtanna | Ceann Riaracháin | Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise |

| | | |
|---|---|---|
| 8 x Ionadaí Dlíthiúil | 2 x Ionadaí Dlíthiúil | 1 x Oifigeach Feidhmiúcháin TFC |
| | | 1 x Oifigeach Feidhmiúcháin Airgeadais |
| | | 1 x Oifigeach Feidhmiúcháin [folamh] |
| | | 1 x Oifigeach Cléireachais LCS/Uachtarán |

# AGUISÍN A

# CAIRT EAGRAÍOCHTA AN CHOIMISIÚIN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ 2020



# AGUISÍN B

# I NDIAIDH COVID-19: TOGRAÍ ÓN GCOIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

**An 27 Aibreán 2020**

**Leathanach**

**Comhthéacs agus Achoimre ar Thograí sa Pháipéar** **40**

Comhthéacs 40

Achoimre ar Thograí sa Pháipéar 40

**A. Córais rialála agus mhaoirseachta: creat croíchumhachtaí** **43**

**B. Athchóiriú an dlí choiriúil** **45**
1. Cumarsáid bhagrach, bhagartha agus dhíobhálach eile ar líne 45
2. Éisteachtaí coiriúla réamhthrialach, nochtadh agus follasú san áireamh 45

**C. Athchóiriú an dlí shibhialta** **47**
1. Dlí um chonradh árachais: tomhaltóirí agus FBManna aonair 47
2. Dlí um cháil cinnteoireachta 47

**D. Athchóiriú ar dhlí na fianaise agus nósanna imeachta cúirte** **48**

1. Dlí na Fianaise 48
(a) Inghlacthacht do thaifid ghnó leictreonacha agus pháipéir a thoimhdiú 48
(b) Inghlacthacht sínithe leictreonacha a shoiléiriú 49

2. Nósanna imeachta cúirte 50
(a) Téarmaí caighdeánaithe agus sothuigthe i dtaobh imeachtaí sibhialta a úsáid 50
(b) Prionsabail um thabhairt faoi chásanna a chur i bhfeidhm ar pháirtithe i gcásanna sibhialta51
(c) Rialacha Reachtúla Cúirte a Chumasú chun tacú le TFC a úsáid 51

## Comhthéacs agus Achoimre ar Thograí sa Pháipéar seo

### Comhthéacs

Leanann an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí le hathbhreithniú neamhspleách agus saineolaí a dhéanamh ar an dlí, agus déanann sé tograí le haghaidh athchóiriú an dlí bunaithe ar thaighde cúramach agus comhairliúchán forleathan. Bhí údar an-láidir i gcónaí le measúnuithe fianaisebhunaithe a dhéanamh ar an dlí agus ar an gcóras dlí, ach tá géarghá mór anois leis nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil athmhachnamh níos fairsinge á dhéanamh ar an saol i ndomhan i ndiaidh COVID-19. Ní hamháin gur chruthaigh paindéim COVID-19 géarchéim shláinte agus gheilleagrach don domhan, chuir sé iallach ar athmheasúnú a dhéanamh ar go leor gnéithe dár saol: na bealaí a oibrímid agus na bealaí a rialaítear ár sochaí.

Tugtar le chéile sa Pháipéar seo roinnt de thograí an Choimisiúin a foilsíodh le deich mbliana anuas a d’fhéadfadh bheith an-áisiúil agus an-ábhartha i gcomhthéacs níos fairsinge an iomaí freagairt beartais d’éigeandáil phaindéim COVID-19.

Le blianta beaga anuas, d’achtaigh an tOireachtas roinnt Billí Forálacha Ilghnéitheacha, coincheap atá bunaithe ar mholadh a rinne an Coimisiún agus lenar thacaigh Oifig an Ard-Aighne.10 Úsáideadh na Billí seo lena chinntiú gur féidir athchóirithe ar leith a achtú gan dochar d’athchóirithe níos fadréimsí a bhféadfadh go bhfuil breithniú á dhéanamh orthu. D’fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar roinnt de na tograí sa Pháipéar seo lena chur san áireamh i mBille dá leithéid.

Leagann an Coimisiún béim air gur comhlacht reachtúil comhairleach é, agus gur faoin Rialtas agus an tOireachtas, agus iad siúd amháin, a bhíonn sé aon tograí a achtú a chuireann sé faoina mbráid.

### Achoimre ar Thograí sa Pháipéar

### A. Córais rialála agus mhaoirseachta: creat croíchumhachtaí

- ***Croíchumhachtaí rialála***: thug éigeandáil COVID-19 foláireamh dúinn maidir lena thábhachtaí atá córais dhaingne rialála agus mhaoirseachta, sna suíomhanna cúraim sláinte agus cúraim shóisialta san áireamh. Shainaithin an obair a rinne an Coimisiún sa limistéar seo le déanaí “croíshraith” sé chumhacht rialála a d’fhéadfadh an bonn a leagan faoi chórais éifeachtacha rialála.

### B. Athchóiriú an dlí choiriúil

- ***Cumarsáid bhagrach agus bhagartha ar líne:*** Thug COVID chun solais go han-soiléir go n-úsáideann mionlach daoine aonair agus dronganna eagraithe uirlisí ar líne ar mhaithe le cuspóirí díobhálacha agus bagracha. Mhol an Coimisiún go ndéantar an dlí coiriúil a athchóiriú chun dul i ngleic le cumarsáid dhíobhálach, cumarsáid bhagrach agus bhagartha ar líne san áireamh.

- ***Éisteachtaí coiriúla réamhthrialach, nochtadh agus follasú san áireamh***
  Leag COVID-19 an bhéim ar an ngá atá le héisteachtaí réamhthrialach in imeachtaí trialach coiriúla a fheabhsú agus a fhorbairt. Mhol an Coimisiún an próiseas réamhthrialach maidir le cáipéisí a nochtadh i gcásanna coiriúla a athchóiriú.

10 Féach an plé ar Bhille Forálacha Ilghnéitheacha in *Dara Clár um Athchóiriú an Dlí* (2000), lch 7 de chuid an Choimisiúin. Cuimsíodh san *Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008*, *an tAcht um Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011* agus san *Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013* roinnt forálacha a chuireann moltaí i dTuarascálacha an Choimisiúin i bhfeidhm, anuas ar réimse athchóirithe scoite eile.

**C. Athchóiriú an dlí shibhialta**

- ***Dlí um chonradh árachais do thomhaltóirí agus FBManna aonair*** Shainaithin COVID-19 saincheist choiteann maidir le conarthaí árachais: cibé acu an dtuigeann nó nach dtuigeann tomhaltóirí aonair agus FBManna go soiléir scóip an chumhdaigh atá acu. Mar thoradh ar obair an Choimisiúin ar an limistéar seo, achtaíodh *an tAcht um Chonarthaí Árachais i leith Tomhaltóirí, 2019*, óna dteastaíonn Ordú um Thosach Feidhme ag an Aire a theacht i bhfeidhm ag bhfuil súil leis in 2020.

- ***Dlí um cháil cinnteoireachta:*** Thug COVID-19 ceisteanna chun solais maidir le conas a dhéanaimid cinntí cúraim sláinte agus airgeadais a rialáil a imríonn tionchar ar gach duine aonair. D'imir obair an Choimisiúin ar an limistéar seo tionchar ar *an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015* a fhorbairt agus a achtú, óna dteastaíonn Orduithe um Thosach Feidhme ag an Aire a theacht i bhfeidhm, a bhfuil súil leo freisin in 2020. Leanann an Coimisiún lena chuid oibre sa limistéar seo, ar chreat rialála chun daoine fásta a chosaint.

**D. Athchóiriú ar dhlí na fianaise agus nósanna imeachta cúirte**

- ***Dlí na fianaise***: d'fhéadfadh na hathchóirithe a bheartaíonn an Coimisiún a dhéanamh ar dhlí na fianaise cabhrú le héifeachtúlacht éisteachtaí cúirte sibhialta agus coiriúla, an méid seo a leanas ina measc:
    - inghlacthacht do thaifid ghnó leictreonacha agus pháipéir a thoimhdiú; agus
    - inghlacthacht sínithe leictreonacha a shoiléiriú.
- ***Nósanna imeachta cúirte***: ar an gcuma chéanna, agus ag cur le hathchóirithe eile atá á meas ag an nGrúpa Athbhreithnithe ar Cheartas Sibhialta, áirítear le tograí an Choimisiúin maidir le nós imeachta cúirte an méid seo a leanas:
    - téarmaí caighdeánaithe agus sothuigthe i dtaobh imeachtaí sibhialta a úsáid;
    - prionsabail um thabhairt faoi chásanna a chur i bhfeidhm ar pháirtithe i gcásanna sibhialta; agus
    - rialacha Reachtúla Cúirte a Chumasú chun tacú le TFC a úsáid.

Leagtar amach sonraí breise a mhíníonn na tograí seo ar na leathanaigh seo a leanas den Pháipéar:

## A. Córais rialála agus mhaoirseachta: creat croíchumhachtaí

Thug éigeandáil COVID-19 foláireamh dúinn maidir lena thábhachtaí atá córais dhaingne rialála agus mhaoirseachta. Áirítear leis seo comhordú éifeachtach náisiúnta trí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an Fhoireann Éigeandála Sláinte Poiblí Náisiúnta (an FÉSPN), anuas ar chomhoibriú ar leibhéal idirnáisiúnta le comhlachtaí cosúil le hEagraíocht Dhomhanda Sláinte (an EDS) de chuid na Náisiún Aontaithe.11

Chomh maith leis sin, b'fhéidir gur shainaithin sé an gá atá le hathchóiriú breise ar shocruithe rialála reatha i measc réimse fairsing limistéar, sa suíomh cúraim sláinte agus cúraim shóisialta san áireamh, mar shampla. Ceist bheartais é cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn ról reatha comhlachtaí a fhairsingiú, cosúil leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) i suíomh an ospidéil, suíomh an tí cúraim institiúide nó sa suíomh cúraim baile. Níor deimhníodh seo go fóill i gcomhthéacs níos fairsinge chur i bhfeidhm Thuarascáil 2017 Sláintecare (Tuarascáil Choiste an Oireachtais um Chúram Sláinte sa Todhchaí).

Scrúdaigh an Coimisiún córais rialála in *Tuarascáil ar Chumhachtaí Rialála agus Cionta Corparáideacha* (LRC 119-2018) an Choimisiúin. Rinneadh athbhreithniú sa Tuarascáil chomh maith ar roinnt staidéir ar chórais rialála i dtíortha eile, a shainaithin an gá lena chinntiú go raibh "sraith" éifeachtach cumhachtaí ag rialaitheoirí chun tabhairt faoina róil go héifeachtach. Bhain an Coimisiún an tátal as, ar an ábhar sin, gur cheart go leagfadh na sé "croíchumhacht" seo a leanas an bonn faoi chóras éifeachtach rialála:

- An chumhacht le réimse treoracha nó fógraí rabhaidh a eisiúint, le heolas a fháil san áireamh trí iarraidh scríofa, agus fógraí "stop agus scoir";
- An chumhacht áitreabh a iontráil agus a chuardach agus cáipéisí agus ábhar eile a ghlacadh;
- An chumhacht iarraidh ar dhaoine freastal i bpearsan os comhair an rialálaí, nó oifigeach údaraithe, le fianaise a thabhairt nó cáipéisí a sholáthar, soláthar san áireamh le cinntí a dhéanamh faoi shaincheisteanna faoi phribhléid;
- An chumhacht smachtbhannaí riaracháin airgeadais a ghearradh, faoi réir maoirseacht cúirte, le comhlíonadh riachtanas bunreachtúil a chinntiú;
- An chumhacht comhaontuithe nó réitigh fhadréimseacha comhlíonta rialála a iontráil, scéimeanna sásaimh tomhaltóirí san áireamh; agus
- An chumhacht ionchúisimh choiriúla achoimre a thosú, ar ceist nach mór don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iad ionchúisimh ar díotáil.

Mhol an Coimisiún go bhféadfaí cur leis na croíchumhachtaí seo i gcomhthéacs suíomhanna ar leith rialála. D'fhéadfaí a áireamh leis na cumhachtaí forlíontacha seo:

- Córas ceadúnaithe;
- Riachtanais réamhfhaofa "oiriúnacht agus macántacht" do róil ar leith.

*Conas a d'fhéadfadh seo feabhas a chur ar chórais rialála*

11 Tá ballraíocht na hÉireann den EDS i measc breis agus 1,400 comhaontú idirnáisiúnta a shínigh nó a dhaingnigh an Stát: féach na 1,400 iontráil, a eagraíodh faoi bhreis agus 30 teideal ábhair, in *Dréachtfhardal Chomhaontuithe Idirnáisiúnta an Stáit (Draft Inventory of the State's International Agreements)* (LRC IP 14-2018) de chuid an Choimisiúin, a foilsíodh i bhformáidí **EXCEL** agus **PDF** (áirítear leis an leagan PDF freisin réamhrá agus léargas ginearálta). Foilseoidh an Coimisiún Plépháipéar níos déanaí i mbliana ina ndéantar cur síos ar an chleachtais an Stáit i dtaobh comhaontuithe idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm.

Is dóchúil go n-eascróidh cur chuige níos comhsheasmhaí agus níos éifeachtaí in aon chórais rialála maoirseachta agus forfheidhmithe ar gá breithniú a dhéanamh orthu i ndiaidh eispéireas COVID-19 as sraith choiteann croíchumhachtaí rialála. Tugadh faoi deara i dTuarascáil 2018 gur baineadh an tátal as i suirbhéanna ar chórais rialála i dtíortha eile gurbh é ceann de na príomhchumhachtaí rialála an cumas smachtbhannaí airgeadais riaracháin a ghearradh, gan dochar do chumhachtaí eile, cosúil le hionchúisimh choiriúla. Glacadh leis an dearcadh seo freisin i *Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus na Meán ar Líne* de chuid an Rialtais a foilsíodh in Eanáir i mbliana.

**B. Athchóiriú an dlí choiriúil**

**1. Cumarsáid bhagrach, bhagartha agus dhíobhálach eile ar líne**

Leag éigeandáil COVID-19 an bhéim ar luach dearfach na meán sóisialta agus uirlisí cumarsáide digití eile mar bhealach lena chinntiú gur féidir le daoine aonair, gnólachtaí agus eagraíochtaí Stáit leanúint le teagmháil a dhéanamh lena chéile fad a bhíonn siad scartha óna chéile. Leagann ár mbrath méadaithe ar uirlisí cumarsáide ar líne an bhéim chomh maith ar an ngá atá le cosaintí cuí chun dul i ngleic le mionlach daoine aonair agus dronganna eagraithe a lorgaíonn teacht i dtír ar an éigeandáil agus na huirlisí ríthábhachtacha seo a úsáid chun tabhairt faoi iompar bagrach nó bagartha ar líne ar mhaithe le gnóthachan.

Beartaíodh in *Tuarascáil ar Chumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach* (LRC 116-2016) de chuid an Choimisiúin in 2016 reachtaíocht um an dlí coiriúil a achtú chun dul i ngleic le cumarsáid ar leith dhíobhálach ar líne, iompar bagrach san áireamh;12 agus gur cheart Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne (atá bunaithe ar rialaitheoirí reatha san Astráil agus sa Nua-Shéalainn) a bhunú freisin le caighdeáin náisiúnta lena gcomhaontaítear a rialáil agus a mhaoirsiú, maidir le cumarsáid dhíobhálach a bhaint go pras.

*Eolas ar thograí reachtaíochta ón Tuarascáil seo*

Ó foilsíodh Tuarascáil 2016:

- ghabh *an Bille um Chiapadh, Cumarsáid Dhíobhálach agus Cionta Gaolmhara, 2017* (Bille Comhalta Phríobháidigh), a lorgaíonn dul i ngleic le gnéithe um dhlí coiriúil Thuarascáil an Choimisiúin, tríd an Dara Céim i nDáil Éireann in Eanáir 2018; agus
- foilsíodh *Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus na Meán ar Líne* de chuid an Rialtais, lena n-áirítear foráil do Choimisinéir Sábháilteachta ar Líne, in Eanáir 2020.

**2. Éisteachtaí coiriúla réamhthrialach, nochtadh agus follasú san áireamh**

Leagadh béim in éigeandáil COVID-19 ar an ngá atá leis an úsáid a mhéadú, sa chás gur féidir, as éisteachtaí réamhthrialach, cosúil le hiarratais ar bhannaí, ar féidir tabhairt fúthu go cianda trí nasc físe, go comhsheasmhach le ceart bunúsach bunreachtúil i leith triail chóir. Tagann breithnithe éagsúla aníos a bhaineann le tabhairt faoi thrialacha coiriúla féin, an gá san áireamh atá leis go mbíonn an cliant i ngar dá n-ionadaí dlíthiúil chun gur féidir leo dul i gcomhairle leo agus iad a threorú, nach féidir a éascú gan stró go cianda, agus nuair a d'fhéadfadh go mbeadh ar bhaill ghiúiré breathnú go díreach a dhéanamh ar fhianaise finnéithe.

Rinneadh roinnt moltaí in *Tuarascáil ar Nochtadh agus Follasú i gCásanna Coiriúla* (LRC 112-2014) an Choimisiúin leis an bpróiseas réamhthrialach a athchóiriú maidir le hábhair a nochtadh a theastaíonn i dtriail choiriúil, cosúil le cáipéisí, taifeadtaí físe agus fuaime.

*Eolas ar thograí reachtaíochta ón Tuarascáil seo*

Ó foilsíodh Tuarascáil 2014:

- D'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais Scéim Ghinearálta Athbhreithnithe *Bille um Nós Imeachta Coiriúil* a théann i ngleic le saincheist an nochta, agus a fhorálann

d’fhoirmeacha breise d’éisteachtaí réamhthrialach i gcásanna coiriúla in 2015, agus is aschur beartaithe Cháipéis Bheartais 2017 an Rialtais, *Bearta le Creat Corparáideach, Geilleagrach agus Rialála na hÉireann a Fheabhsú* é freisin.

---

[12] Rinneadh roinnt moltaí in *Tuarascáil ar Chumhachtaí Rialála agus Cionta Corparáideacha* (LRC 119-2018) an Choimisiúin freisin chun na cionta calaoise a athchóiriú atá san *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001*.Tá iad seo á meas ag Grúpa Athbhreithnithe an Rialtais um Struchtúir agus Nósanna Imeachta Frithchalaoise agus Frithchaimiléireachta imeachta (ar a ndéanann James Hamilton, an t-iar-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí) cathaoirleacht.

## C. Athchóiriú an dlí shibhialta

### 1. Dlí um chonradh árachais: tomhaltóirí agus FBManna aonair

Shainaithin éigeandáil COVID-19 saincheist choiteann maidir le conarthaí árachais: cibé acu an dtuigeann nó nach dtuigeann tomhaltóirí aonair agus FBManna go soiléir scóip an chumhdaigh atá acu.

Rinneadh sraith moltaí mionsonraithe in *Tuarascáil ar Chonarthaí Árachais i leith Tomhaltóirí* (LRC 113-2015) an Choimisiúin le haghaidh athchóiriú an dlí sa limistéar seo, agus áiríodh leis *Dréachtbhille um Chonarthaí Árachais i leith Tomhaltóirí* leo seo a chur i bhfeidhm. Luaigh an Coimisiún sa Tuarascáil go mbeadh dlí na hÉireann maidir le conarthaí árachais ar aon dul le hathchóirithe a rinneadh le déanaí a achtaíodh sa RA de bharr na moltaí seo a chur i bhfeidhm. D'eascródh cosaint tomhaltóirí níos soiléire do thomhaltóirí aonair agus FBManna ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil €3 milliún nó níos lú as seo, agus chinnteodh sé go mbeadh cosaint chuí ann do ghnóthais árachais in aghaidh maímh chalaoise.

*Eolas ar thograí reachtaíochta ón Tuarascáil seo*

Ó foilsíodh Tuarascáil 2015:

- Rinne *an tAcht um Chonarthaí Árachais i leith Tomhaltóirí, 2019* (a bhí ina Bhille Comhalta Phríobháidigh i dtosach báire) na príomhghnéithe de Thuarascáil agus Dréachtbhille an Choimisiúin a chur i bhfeidhm, sa mhullach ar roinnt athchóirithe breise, a mbaineann moltaí le roinnt díobh a rinne Grúpa Oibre um Chostas Árachais (CIWG) an Rialtais. Faoi mar a mhol an Coimisiún, baineann Acht 2019 le tomhaltóirí aonair agus le gnólachtaí ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil €3 milliún nó níos lú. Teastaíonn Ordú nó Orduithe um Thosach Feidhme le hAcht 2019 a chur i bhfeidhm.

### 2. Dlí um cháil cinnteoireachta

Thug COVID-19 ceisteanna chun solais maidir le conas a dhéanaimid cinntí cúraim sláinte agus airgeadais a rialáil a imríonn tionchar ar gach duine aonair, iad siúd ina measc i suíomhanna institiúide nó cúraim baile.

D'imir *Tuarascáil ar Cháil Chinnteoireachta agus an Dlí* (LRC 83-2006) 2006 agus *Tuarascáil ar Bhitheitic: Réamhthreoracha Cúraim* (LRC 94-2009) 2009 an Choimisiúin tionchar ar *an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015* a fhorbairt agus a achtú.Píosa ceannródaíoch reachtaíochta é Acht 2015 ina léirítear cur chuige bunaithe ar chearta i leith cinnteoireachta, agus nuair a bheidh tús iomlán curtha leis, gné mhór de dhaingniú Choinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) agus Mholtaí faoi Cháil Chinnteoireachta Chomhairle na hEorpa, na moltaí san áireamh faoi threoracha réamhchúraim, a dhaingniú ag Éirinn.

*Eolas ar thograí reachtaíochta ó na Tuarascálacha seo agus obair a rinne an Coimisiún le déanaí*

Ó foilsíodh Tuarascálacha 2006 agus 2009:

- Cé gur achtaíodh Acht 2015 cúig bliana ó shin, níor chuir na hOrduithe um Thosach Feidhme Aire a phríomhfhorálacha i bhfeidhm go fóill, cé go bhfuil súil leis seo in 2020 anuas ar na Cóid Chleachtais ábhartha reachtúla, atá á bhforbairt ag Stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinnteoireachta (an STC) a bhunaigh Acht 2015.
- Leanfaidh an Coimisiún ag oibriú freisin ar thionscadal gaolmhar faoina Chúigiú Clár um

Athchóiriú an Dlí (a d'fhaomh an Rialtas in 2019), a bhaineann le creat rialála chun daoine fásta a chosaint, ar ar fhoilsigh sé Páipéar Saincheisteanna in Eanáir i mbliana.

## D. Athchóiriú ar dhlí na fianaise agus nósanna imeachta cúirte

Chuir na cúirteanna uirlisí tábhachtacha TFC chun feidhme le blianta beaga anuas, cosúil le cáipéisí a chomhdú go leictreonach, sa Chúirt Mhionéileamh sa Chúirt Dúiche i dtosach, agus ansin i gCúirt Tráchtála na hArd-Chúirte agus, níos déanaí ná sin, sa Chúirt Uachtarach. Tá córais le haghaidh éisteachtaí cúirte cianda á bhforbairt i ndiaidh éigeandáil COVID-19 mar cheist lena bhfuil géarghá, ach cé go raibh éisteachtaí cianda (éisteachtaí trí nasc físe) i bhfeidhm, faoi mar a luadh cheana féin, ar feadh roinnt blianta, mar shampla, in iarratais ar bhannaí san Ard-Chúirt, agus in imeachtaí eiseachadta agus i dtrialacha coiriúla.13

D'fhéadfaí feabhas breise a chur ar shochair na bhforbairtí seo ar TFC dá gcuirfí le chéile iad le hathchóiriú ar dhlí na fianaise agus nósanna imeachta cúirte. D'fhéadfaí na tograí a phléitear thíos a bheith tairbhiúil, go deimhin, cibé acu má chuirtear éisteachtaí cúirte ar siúl go cianda nó sa ghnáthfhormáid aghaidh ar aghaidh.

### 1. Dlí na fianaise

Rinneadh moltaí fadréimseacha in *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Ghnéithe Dhlí na Fianaise* (LRC 117-2016) le haghaidh athchóiriú na rialacha fianaise, anuas ar a gcomhdhlúthú isteach i mBille amháin de bhreis agus 18 nAcht Fianaise. Beartaíodh go gcuirfeadh seo leis an sprioc sheanbhunaithe (a leagadh amach an chéad uair in *Páipéar Bán ar Athchóiriú an Dlí 1962* de chuid an Rialtais) leis na príomhrialacha fianaise a chomhdhlúthú i bpíosa amháin reachtaíochta. Baineann an méid seo a leanas go sonrach le héifeachtúlacht a fheabhsú i ndiaidh éigeandáil COVID-19, go comhsheasmhach le riachtanais trialach cothroime.

#### *(a) Inghlacthacht do thaifid ghnó leictreonacha agus pháipéir a thoimhdiú*

Gné thábhachtach de beagnach gach cás coiriúil agus sibhialta iad cáipéisí a ghineann agus a stórálann gnólachtaí earnála príobháidí (cosúil le ríomhphoist nó litreacha) agus ag comhlachtaí poiblí (cosúil le taifid ospidéil). Ba cheart a mheas, faoi réir cosaintí nós imeachta lena chinntiú go mbíonn na taifid iontaofa, go bhfuil siad incheadaithe i gcásanna sibhialta agus coiriúla araon (ailt 48 go 56 den *Dréachtbhille Fianaise* an Choimisiúin).

*Conas a d'fheabhsódh seo éisteachtaí cúirte*

D'fhéadfadh toimhdiú beartaithe na hinghlacthachta an gá a laghdú i dtriail choiriúil do Ghardaí agus d'fhinnéithe eile a bheith ar fuireachas lena dheimhniú go ndearnadh cáipéis scríofa ar leith a chur le chéile agus a stóráil i gceart. Ar an gcuma chéanna, ní bheadh ar fhinné, cosúil le gairmí cúraim sláinte, i gcás díobhálacha pearsanta sibhialta, a bheith ar fuireachas lena dheimhniú go ndearnadh cáipéis a chur le chéile agus a stóráil i gceart i gcóras coimeádta taifead ospidéil. Sheachnódh seo, ar an ábhar sin, cur amú neamhriachtanach acmhainní daonna atá ar an ngannchuid i gcásanna coiriúla agus sibhialta, agus chinnteodh na cosaintí nós imeachta freisin go gcomhlíontar prionsabail bhunúsacha nósanna imeachta cothroma.

### *(b) Inghlacthacht sínithe leictreonacha a shoiléiriú*

Gné de ghníomhaíochtaí tráchtála iad sínithe leictreonacha faoina dtugtar níos minice i gcónaí, agus is dóchúil go mbainfidh tábhacht fiú níos mó leo amach anseo. Ba cheart an éifeacht dhlíthiúil chéanna a thabhairt, ar an ábhar sin, do shíniú leictreonach a chomhlíonann Rialachán 2014 an AE maidir le Seirbhísí Aitheanta Leictreonaí agus Iontaoibhe d'Idirbhearta Leictreonacha (Rialachán e-IDAS) a thugtar do shíniú lámhscríofa agus, ar an ábhar sin, ba cheart dó bheith inghlactha ar an mbonn céanna (alt 91 de *Dhréachtbhille Fianaise* an Choimisiúin).

---

13 Alt 24 den Acht um Eiseachadadh (Coinbhinsiúin an Aontais Eorpaigh), 2001 agus alt 13 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992.

*Conas a d'fheabhsódh seo éisteachtaí cúirte*

An luach céanna fianaiseach a thabhairt do shínithe leictreonacha a chomhlíonann an e-IDAS a chuirfeadh síniú traidisiúnta leis an dul chun cinn teicneolaíochta atá ar siúl cheana féin i gcóras na cúirte, agus atá comhsheasmhach le beartas 'digiteach de réir dearaidh' an Rialtais.

## 2. Cúirt nósanna imeachta

Tuigeann an Coimisiún *Tuarascáil Athbhreithniú Riar an Cheartais Shibhialta* (ar a ndearna Uachtarán na hArd-Chúirte, an Breitheamh Onórach Peter Kelly cathaoirleacht), a n-áirítear lena théarmaí tagartha riarachán nós imeachta na cúirte a bhaint atá ró-chasta agus scrúdú a dhéanamh ar chumarsáid leictreonach a úsáid, ríomhdhlíthíocht san áireamh.

Tugann an Coimisiún faoi deara freisin gur luadh in *Tuarascáil Eatramhach an tSainghrúpa le hAthbhreithniú a dhéanamh ar an Dlí Torta agus ar na Córais Reatha Bhainistithe Éilimh Faillí Cliniciúla* 2019 (*Interim Report of the Expert Group to Review the Law of Torts and the Current Systems for the Management of Clinical Negligence Claims*) (ar a ndearna an Breitheamh Onórach Charles Meenan) gur thagair na haighneachtaí a fuair sé don ghá a bhí le pléadálacha dlíthiúla a athchóiriú agus ar na rialacha a bhaineann le nós imeachta cúirte.

D'fhéadfadh na moltaí is dóchúil a thiocfaidh chun solais ón dá ghrúpa athbhreithnithe seo cur leis na hathchóirithe a bheartaítear in *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Achtanna na gCúirteanna* (LRC 97-2010) 2010 an Choimisiúin (beartaíodh an coincheap ina ndéantar reachtaíocht na gcúirteanna a chomhdhlúthú isteach in Acht na gCúirteanna aonair freisin in *Páipéar Bán ar Athchóiriú an Dlí* 1962 an Rialtais). Baineann an méid seo a leanas go sonrach le héifeachtúlacht a fheabhsú i ndiaidh éigeandáil COVID-19, go comhsheasmhach le riachtanais trialach cothroime.

### *(a) Téarmaí caighdeánaithe agus sothuigthe i dtaobh imeachtaí sibhialta a úsáid.*

Ba cheart na téarmaí a úsáidtear i Rialacha na Cúirte reachtúla d'imeachtaí sibhialta a chaighdeánú, agus ba cheart go mbeidís éasca lena thuiscint (alt 5 de *Dhréachtbhille na gCúirteanna (Comhdhlúthú agus Athchóiriú)* an Choimisiúin).

*Conas a d'fheabhsódh seo nósanna imeachta cúirte*

Faoi láthair, ag brath ar an gcomhthéacs agus an chúirt ar leith, bronntar ainmneacha éagsúla ar na cáipéisí a úsáidtear le tús a chur le himeachtaí sibhialta, cosúil le "próiseas sibhialta", "bille sibhialta", "achainí", "toghairm" agus "eascaire". D'fhéadfaí téarma aonair, cosúil le "iarratas" a chur in ionad iad seo. Ar an gcuma chéanna, bronntar ainmneacha éagsúla ar an duine a chuireann tús le himeachtaí sibhialta, cosúil le "gearánaí" (in go leor imeachtaí a lorgaíonn cúiteamh a bhronnadh), "achainíoch" (i ndlí cuideachtaí agus in imeachtaí teaghlaigh) agus "iarratasóir" (i gcásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh). D'fhéadfaí téarma aonair, cosúil le "iarratasóir" a chur in ionad iad seo. Chabhródh na moltaí seo le dréachtú Rialacha na Cúirte reachtúla anuas ar imeachtaí sibhialta a dhéanamh níos éasca lena dtuiscint ag na páirtithe atá bainteach i gcásanna sibhialta.

### *(b) Prionsabail um thabhairt faoi chásanna a chur i bhfeidhm ar pháirtithe i gcásanna sibhialta.*

D'fhéadfaí an rath a bhíonn ar na nósanna imeachta bainistíochta cáis bhreithiúnaigh atá i bhfeidhm cheana féin a fhorbairt níos mó trína cheangal go gcomhlíonann na páirtithe, i gcásanna sibhialta, na prionsabail seo a leanas um thabhairt faoi chásanna a chur i bhfeidhm (alt 75 de *Dhréachtbhille na gCúirteanna (Comhdhlúthú agus Athchóiriú)* de chuid an Choimisiúin):

- ba cheart saincheisteanna idir páirtithe a shainaithint, a shainiú, a chúngú (sa chás gur féidir) agus tús áite a thabhairt dóibh nó iad a chur in ord;
- ba cheart tabhairt faoi imeachtaí ar bhealach atá ceart, tapa agus is dóchúil a íoslaghdóidh costais na n-imeachtaí siúd; agus
- ba cheart na páirtithe a spreagadh nósanna imeachta eile réitigh díospóide (ADR) a úsáid, sa chás gur cuí, agus ba cheart iad a éascú amhlaidh a dhéanamh.

*Conas a d'fheabhsódh seo nósanna imeachta cúirte*

Laghdódh oibleagáidí dearfacha a chur i bhfeidhm sna cásanna siúd ar na páirtithe i gcásanna sibhialta leis na saincheisteanna eatarthu a shainaithint ag luathchéim, agus iarraidh orthu tabhairt faoi na himeachtaí lena gcostas a íoslaghdú, moilleanna ar na cásanna siúd. Thabharfadh sé lánrogha níos mó do na cúirteanna freisin smachtbhannaí cuí a chur i bhfeidhm ar na páirtithe má bhíonn siad ina gcúis le costais neamhriachtanacha i gcaitheamh an cháis. Cuireadh an oibleagáid le ADR a spreagadh, cosúil le hidirghabháil, i bhfeidhm san *Acht Idirghabhála, 2017*, a lean ó *Thuarascáil ar Réiteach Malartach Díospóide: Idirghabháil agus Idir-Réiteach* (LRC 98- 2010) 2010 an Choimisiúin.

### *(c) Rialacha Reachtúla Cúirte a Chumasú chun tacú le TFC a úsáid*

Ba cheart go gcumasódh an reachtaíocht na Rialacha Cúirte reachtúla, chun tacú, sa chás gurb indéanta agus gur cuí, le húsáid éifeachtúil a bhaint as Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) i dtabhairt faoi imeachtaí sa Chúirt (Alt 227 de *Dhréachtbhille na gCúirteanna (Comhdhlúthú agus Athchóiriú)* an Choimisiúin).

*Conas a d'fheabhsódh seo nósanna imeachta cúirte*

Chuirfeadh seo bonn soiléir reachtaíochta ar fáil do thionscnaimh maidir le TFC laistigh den tSeirbhís Chúirteanna, atá tar éis baint níos mó le hábhar nuair a chuirtear éigeandáil COVID-19 san áireamh.

# AGUISÍN C
# TUARASCÁLACHA AGUS RÁITIS AIRGEADAIS
# AN CHOIMISIÚIN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ 2020

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais

don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

**An Coimisiún um**
**Athchóiriú an Dlí**

## Clár Ábhar


| | Leathanach |
|---|---|
| Eolas ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí | **1** |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | **2 - 3** |
| An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin | **4 - 8** |
| An Ráiteas ar Rialú Inmheánach | **9 - 10** |
| An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | **11** |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | **12** |
| An Ráiteas ar an Staid Airgeadais | **13** |
| An Ráiteas ar Shreafaí Airgid | **14** |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | **15 - 26** |

## Eolas

| | |
|---|---|
| **Uachtarán** | An Breitheamh Onórach Mary Laffoy |
| **Coimisinéirí** | Raymond Byrne - Coimisinéir Lánaimseartha<br>An Breitheamh Onórach Maurice Collins - Coimisinéir Páirtaimseartha<br>An Dr Andrea Mulligan (Abhcóide) - Coimisinéir Páirtaimseartha |
| **Oifig Chláraithe** | An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí<br>An 5ú hUrlár<br>Teach Styne<br>Sráid Haiste Uachtarach<br>Baile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 D01PF72 |
| **Baincéirí** | Danske Bank<br>3 Plas Mháistir an Chuain<br>Baile Átha Cliath 1 |

J

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath D01PF72

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# The Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

### Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 9 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1975. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, achoimre ina measc ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2020 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

### *Bunús na tuairime*

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (CIIanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eiticiúil i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

### Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Chuir an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Choimisiúin agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.

**Colette Drinan**

**Le haghaidh agus thar ceann**
**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**An 15 Nollaig 2021**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Bhaill an Choimisiúin

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil bhaill an Choimisiúin, tá baill an Choimisiúin freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 9 den Acht fán gCoimisiúin um Athchóiriú an Dlí, 1975
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhníonn siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 9 den Acht fán gCoimisiúin um Athchóiriú an Dlí, 1975 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhú, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na CIIanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na CIIanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.
- Bainim tátal a bhaint as oiriúnacht na húsáide a bhaintear an bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim an tátal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith m'iniúchta.

#### *Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais*

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CIIanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

#### *Tuairisciú ar cheisteanna eile*

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaím fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím más shainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh,

nó

- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

## An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin

### Rialachas

Bunaíodh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975. Leagtar amach feidhmeanna an Choimisiúin in Alt 4 d'Acht 1975. Tá an Coimisiún freagrach d'Oifig an Ard-Aighne, Roinn an Taoisigh agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Coimisiún freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann sé faoi na tascanna seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach in Ráiteas Straitéise agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh faoi na príomh-shaincheisteanna gnó go léir. Tá an Coimisinéir Lánaimseartha agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus treorú rialta laethúil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí. Caithfidh an Coimisinéir Lánaimseartha agus an fhoireann Bainistíochta Sinsearaí cloí leis an treorú fairsing straitéiseach a thugann an Coimisiún, agus caithfidh siad a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Choimisiúin ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an gCoimisiún, agus le haon rioscaí suntasacha is dóchúil a thiocfaidh aníos. Gníomhaíonn an Coimisinéir Lánaimseartha mar idirchaidreamh díreach idir an Coimisinéir agus an Bhainistíocht Shinsearach.

### Freagrachtaí an Choimisiúin

Leagtar obair agus freagrachtaí an Choimisiúin amach san Acht fán gCoimisiúin um Athchóiriú an Dlí, 1975, ina ndéantar cur síos ar na ceisteanna a fhorchoimeádtar go sonrach do chinntí an Choimisiúin. I measc na mbuanearraí a bhreithníonn an Coimisiún, tá an méid seo a leanas:

- Tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta;
- Acmhainní Daonna agus ceisteanna eile riaracháin;
- Tuarascálacha ar dhul chun cinn ón Stiúrthóir Taighde agus Leas-Stiúrthóir Taighde ar na tionscadail taighde i gCláir Athchóirithe Dlí an Choimisiúin (na Cláir sin, ar gá dóibh a bheith faofa ag an Rialtas faoi réir Acht 1975, ina bhfuil liosta tionscadail taighde athchóirithe dlí ina ndéanann an Coimisiún taighde, agus foilsítear Páipéir Shaincheisteanna Comhairliúcháin agus foilsítear Tuarascálacha le moltaí d'athchóiriú dlí ina dhiaidh sin) agus ar iarratais ar leith a rinne an tArd-Aighne;
- Athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar dhréachtpháipéir a bhaineann le tionscadail taighde an Choimisiúin.

Ceanglaítear in Alt 9 den Acht fán gCoimisiúin um Athchóiriú an Dlí, 1975 ar chomhaltaí an Choimisiúin gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Coimisiún de bheith ag oibriú, agus;
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Déanann an Coimisiún measúnú ar an gclár oibre bliantúil ag gach ceann dá chruinnithe míosúla, ina ndéanann sé athbhreithniú ar dhul chun cinn ar gach tionscadal, measúnú ar bhealach sonrach go bliantúil, agus rinneadh seo ag a chruinniú i mBealtaine 2021, agus ina ndéanann sé athbhreithniú freisin ar a Dhréacht-Tuarascáil Bhliantúil, i gcás Thuarascáil Bhliantúil 2019 ag a chruinniú i mBealtaine 2021.

Tá an Coimisiún freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Measann an Coimisiún go dtugtar ina ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí an 31 Nollaig 2020.

**Struchtúr an Choimisiúin**

Tá 5 chomhalta sa Choimisiún, is é sin, Uachtarán an Choimisiúin, an Coimisinéir Lánaimseartha agus 3 Choimisinéir Pháirtaimseartha, a cheapann an Rialtas gach duine díobh i gcomhréir leis an Acht fán gCoimisiúin um Athchóiriú an Dlí, 1975. Ceapadh an Coimisinéir Lánaimseartha in 2016 i ndiaidh Comórtas na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí/an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil. Is féidir comhaltaí an Choimisiúin a cheapadh ar feadh tréimhse a fhaide le 5 bliana. Casann an Coimisiún ar a laghad 10 n-uaire gach bliain. Sonraítear sa tábla thíos an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí an Choimisiúin in 2020:

| Comhalta an Choimisiúin | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| An Breitheamh Onórach Mary Laffoy | Uachtarán | An 9 Deireadh Fómhair 2018 (ceaptha) |
| An tUasal Raymond Byrne | Coimisinéir Lánaimseartha | An 16 Aibreán 2016 (ceaptha) |
| An tUasal Tom O'Malley | Coimisinéir Páirtaimseartha | An 1 Meán Fómhair 2015 (athcheaptha) An 12 Lúnasa 2020 (scortha) |
| An tOllamh Donncha O'Connell | Coimisinéir Páirtaimseartha | An 1 Meán Fómhair 2015 (athcheaptha) An 12 Lúnasa 2020 (scortha) |
| An Breitheamh Onórach Carmel Stewart | Coimisinéir Páirtaimseartha | An 1 Meán Fómhair 2015 (athcheaptha) An 12 Lúnasa 2020 (scortha) |
| An Breitheamh Onórach Maurice Collins | Coimisinéir Páirtaimseartha | An 1 Deireadh Fómhair 2020 (ceaptha) |
| An Breitheamh Onórach Richard Humphreys | Coimisinéir Páirtaimseartha | An 1 Deireadh Fómhair 2020 (ceaptha) An 16 Aibreán 2021 (scortha) |
| An Dr Andrea Mulligan (Abhcóide) | Coimisinéir Páirtaimseartha | An 1 Deireadh Fómhair 2020 (ceaptha) |

**Coistí an Choimisiúin**

Tugann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Inmheánach an Ard-Aighne faoin bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus riosca don Choimisiún agus idirchaidreamh dlúth á dhéanamh leis an gCoimisiún. Bunaíonn an Coimisiún coistí ad hoc agus/nó grúpaí oibre ó thráth go chéile chun cabhrú lena chuid taighde; in 2020, níor bhunaigh an Coimisiún aon choiste den saghas sin.

Leagtar amach thíos sceideal freastail ag cruinnithe an Choimisiúin don bhliain 2020, na táillí agus na costais san áireamh a íocadh le gach comhalta ina measc.

| Ainm an Choimisinéara | Cruinnithe an Údaráis ar ar freastalaíodh | Tuarastal / Táillí € | Costais taistil chuig cruinnithe an Choimisiúin € | Freastal ag comhdhálacha / léachtaí € |
|---|---|---|---|---|
| **Uachtarán**<br>An Breitheamh Onórach Mary Laffoy | 11 | 49,008 | - | - |
| **Coimisinéir (Lánaimseartha)**<br>An tUasal Raymond Byrne | 11 | 151,955 | - | - |
| **Coimisinéirí (Páirtaimseartha)** | | | | |
| An tUasal Tom O'Malley | 7 | - | 296 | - |
| An tOllamh Donncha O'Connell | 8 | - | 668 | - |
| An Breitheamh Onórach Carmel Stewart | 8 | - | - | - |
| An Breitheamh Onórach Maurice Collins | 3 | - | - | - |
| An Breitheamh Onórach Richard Humphreys | 3 | - | - | - |
| An Dr Andrea Mulligan (Abhcóide) | 3 | - | - | - |

Tá tuarastal an Uachtaráin ag teacht le treoirlínte ábhartha an Rialtais. Tá tuarastal

an Choimisinéara lánaimseartha ar Leibhéal Ard-Rúnaí Chúnta.

Ní íoctar tuarastail ná táillí le Coimisinéirí páirtaimseartha faoin mbeartas Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS). Baineann Costais Taistil chuig cruinnithe an Choimisiúin do na Coimisinéirí páirtaimseartha le taisteal ó áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

## Nochtadh a Cheanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá baill an Choimisiúin freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016.  Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh.

## 1) Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhíonn ar chomhairle sheachtrach a chur ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a seachfhoinsíodh leo.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Leabhar a scríobh do Chomóradh 45 bliain an Choimisiúin | **-** | **10,000** |
| Sainchomhairleoireacht ar Shaincheisteanna Acmhainní Daonna | - | **1,230** |
| Achtanna a Chomhlua | 600 | **880** |
| An 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Díspeagadh Cúirte | 16,675 | **3,420** |
| Liosta Rangaithe agus aicmiú IRanna a rinneadh faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, Alt 3 | 6,500 | - |
| An 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Fail Eigeantach Talún | 1,500 | **-** |
| An Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil | **4,590** | - |
| Achtanna Athbhreithnithe | **1,440** | - |
| Athbhreithniú Cíosa - Teach Styne | **8,470** | - |
| **Iomlán** | **39,ns** | **15,530** |

## 2) Costais agus Socraíochtaí Dlí

Ní raibh aon chostais nó socraíochtaí dlí in 2020.

## 3) Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar an catagóiriú seo a leanas ar chaiteachas Taistil agus Cothaithe:

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Intíre | Coimisiún | 964 | 9,496 |
| | Fostaithe | 597 | 16 |
| | Eile | - | - |
| Idirnáisiúnta | Coimisiún | - | 915 |
| | Fostaithe | - | 1,625 |
| | Eile | - | - |
| **Iomlán** | | **1,561** | **12,052** |

**4) Caiteachas ar Fháilteachas**

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas Foirne | 1,782 | 2,486 |
| Fáilteachas Cliant | - | 1,190 |
| **Iomlán** | **1,782** | **3,676** |

Áirítear le Fáilteachas Foirne sólaistí do chruinnithe an Choimisiúin agus caiteachais cheaintín na foirne. Baineann caiteachas le Fáilteachas Cliant nach mbaineann ach le cruinnithe comhairliúcháin poiblí, cruinnithe comhchéime comhairliúcháin agus seoltaí tuarascálacha a chur ar siúl.

**Ráiteas Comhlíonta**

Ghlac an Coimisiún leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon an Coimisiún an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go hiomlán sa bhliain 2020.

Mary Laffoy

Ms Justice Mary Laffoy
President

An Breitheamh Onórach Mary Laffoy
Uachtarán

Date 9/12/2021.

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Scóip na Freagrachta

Thar ceann an Choimisiúin, aithním an fhreagracht atá ar an gCoimisiún as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú. Tugtar sa fhreagracht seo aird ar riachtanas an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm sa Choimisiún don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá freagracht ar Choiste Iniúchta agus Riosca an Ard-Aighne freisin as an gCoimisiún. Is éard atá sa Choiste seo Cathaoirleach, beirt bhall seachtrach, beirt bhall foirne ó OAA agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta. Chas an Coiste Iniúchóireachta ar a chéile faoi dhó in 2020. D'fhreastail an Coimisinéar Lán-Aimseartha, Raymond Byrne agus Ceann Riaracháin, Bríd Rodgers, ar chruinniú amháin an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí le hOifig an Ard-Aighne i Nollaig 2020, inar pléadh iniúchadh an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí.

Chas Bainistíocht Riosca lena chéile naoi n-uaire in 2020 agus ní raibh an Coimisiún ar aon chinn de na cláir.

Comhlacht beag earnála poiblí é an Coimisiún ina bhfuil 20 ball foirne agus níl Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí aige. Faoi mar a luaitear thuas, tagann na feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí faoi shainchúram an Choiste Iniúchóireachta laistigh d'oifig OAA (Máthairoifig an Choimisiúin), a thugann faoi athbhreithnithe ar bhonn débhliantúil.

D'fhorbair an Coimisiún beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear ann na róil agus na freagrachtaí maidir le riosca. Eisíodh an beartas seo don fhoireann go léir a bhfuil súil acu oibriú laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an Choimisiúin, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus a ghlacann le freagrachtaí as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Coimisiún córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an gCoimisiún agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Coiste Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha sinsearacha foirne a mhaolú. Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú
- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta
- Tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear fabhtaí rialaithe in iúl do bhainisteoirí sinsearacha agus don Choimisiún a ghlacfaidh le freagracht as gníomh ceartaitheach, más cuí. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara. Cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a shainaithnítear a thabhairt le fios;

- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagrachtaí as bainistíocht airgeadais; agus

- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a thugann feidhmíocht le fios i leith na mbuiséad/dtuartha.

**Soláthar**

D'íoc an Coimisiún €40,175 (gan CBL a áireamh) le díoltóir amháin i rith 2020 maidir le seirbhísí a cheannach, nuair nár shásaigh na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain na treoirlínte soláthair. Bhí úsáid á baint ag an gCoimisiún ar feadh roinnt blianta as na soláthraithe seirbhíse. Rinne an Coimisiún an suíomh soláthair a thabhairt chun rialtachta i Lúnasa 2021 agus tá sé comhlíontach ó Dheireadh Fómhair 2021.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha airgeadais an Choimisiúin curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Choimisiún atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais. Tugann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí Oifig an Ard-Aighne faoi athbhreithnithe ar bhonn débhliantúil.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

Níor sainaithníodh aon laigí i rialuithe inmheánacha maidir leis an mbliain 2020 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

*Signature*

**An Breitheamh Onórach Mary Laffoy**

**Uachtarán**

**Date** 9/12/2021.

Dáta

## An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais an Oireachtais | 3 | 2,129,282 | 2,073,350 |
| Eile | | | 6,607 |
| Aisíoctha le hOifig an Ard-Aighne | | (6,364) | |
| Aistriú ó/(chuig) an gCuntas Caipitil | | 70,910 | (35,380) |
| Glanchistiú iarchurtha do phinsin | B(c) | 317,000 | 139,000 |
| | | 2,510,828 | 2,183,577 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail | 6 | 1,266,542 | 1,146,968 |
| Pinsin | B(a) | 377,002 | 197,355 |
| TF | | 82,350 | 79,558 |
| Cíos agus muirir sheirbhíse | | 364,229 | 299,555 |
| Solas agus Téamh | | 9,156 | 9.647 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil - Foirgnimh | | 3,617 | 7,453 |
| Árachas | | 3,355 | 3,295 |
| Guthán | | 12,786 | 12,098 |
| Páipéarachas agus bainistíocht oifige | | 21,043 | 38,735 |
| Seimineáir | | 1,946 | 1,413 |
| Leabharlann | | 100,095 | 103,930 |
| Taisteal agus cothú | | 1,561 | 12,052 |
| Glantachán | | 9,519 | 9,261 |
| Clódóireacht | | 28,492 | 8,964 |
| Postas | | 4,828 | 2,439 |
| Dímheas | | 115,486 | 96,839 |
| Costais oifige ilghnéitheacha | | 942 | 828 |
| Luach saothair an iniúchóra | | 10,800 | 9,000 |
| Oiliúint | | 25,208 | 43,864 |
| Tacaíocht Chorparáideach | | 29,368 | 28,874 |
| Táillí gairmiúla | | 39,775 | 15,530 |
| Comhdháil Bhliantúil | | | 6,811 |
| | | 2,508,100 | 2,134,469 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | 2,728 | 49,108 |
| Iarmhéid a Tugadh Anonn an 1 Eanáir 2020 | | 123,651 | 74,543 |
| Iarmhéid tugtha anonn amhail an 31 Nollaig 2020 | | 126,379 | 123,651 |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

*Signature*

**Uachtarán**

**Dáta**

## An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

### An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | An bhliain dar críoch 2020 € | An bhliain dar críoch 2019 € faoi mar a athluadh |
|---|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | | **2,728** | 49,108 |
| Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach ó Thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin | 2 | 352,000 | 1,177,000 |
| Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach ó Athrú ar an toimhde ar dhliteanais na scéime pinsin | | | |
| Athruithe ar thoimhdí faoi luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | | | |
| Caillteanais/(gnóthachain) achtúireach ar dhliteanais phinsin | 8(b) | 352,000 | 1,177,000 |
| Coigeartú ar chistiú pinsin iarchurtha | | (352,000) | (1,177,000) |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán/(caillteanais) don bhliain | | 2,728 | 49,108 |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Signature

**An Breitheamh Onórach Mary Laffoy**

**Uachtarán**

**Dáta**

**Date** 9/12/2021

## An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

### An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 € | 2020 € | 2019 € | 2019 € faoi mar a athluadh |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | **9** | 412,364 | | 483,274 | |
| | | | 412,364 | | 483,274 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Infháltais | **10** | 217,127 | | 172,174 | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **4** | 81,484 | | 118,462 | |
| | | 298,611 | | 290,636 | |
| **Dliteanais reatha: suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Suimeanna Iníoctha | **11** | (120,529) | | (102,356) | |
| **Glansócmhainní reatha** | | | 178,082 | | 188,280 |
| | | | 590,446 | | 671,554 |
| **Dliteanais: suimeanna atá dlite i ndiaidh bliain amháin** | **12** | | (51,703) | | (64,629) |
| | | | 538,743 | | 606,925 |
| Cistiú iarchurtha sochair scoir | 2& S(c) | | 5,935,000 | | 5,266,000 |
| (Dliteanas) sochair scoir | **2& S(d)** | | (5,935,000) | | (5,266,000) |
| **Glansócmhainní** | | | 538,743 | | 606,925 |
| **Arna léiriú ag:** | | | | | |
| An Cuntas Caipitil | **5** | | **412,364** | | **483,274** |
| Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | | | 126,379 | | 123,651 |
| | | | 538,743 | | 606,925 |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Dáta

**Date** 9/12/2021

## An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

### An Ráiteas ar Shreafaí Airgid
### An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Bliain dar críoch 2020 € | Bliain dar críoch 2019 € |
|---|---|---|
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | 2,728 | 49,108 |
| Aistriú ó/(chuig) an gCuntas Caipitil | (70,910) | 35,380 |
| Dímheas | 115,486 | 96,839 |
| Laghdú/(Méadú) ar Infháltais | (44,953) | 15,602 |
| Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha | 18,173 | (32,751) |
| Méadú/(Laghdú) ar shuimeanna Creidiúnaithe atá dlite i ndiaidh breis agus bliain amháin | (12,926) | ( 12,926) |
| Airgead tirim a gineadh ó oibríochtaí | 7,598 | 151,252 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Sócmhainní inbhraite a cheannach | (44,576) | (132,219) |
| Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta | (44,576) | (132,219) |
| **Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | (36,978) | 19,033 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana airgeadais** | 118,462 | 99,429 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana airgeadais** | **81,484** | 118,462 |

**An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - an Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020**

**1. Beartais Chuntasaíochta**

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta lenar ghlac an Coimisiún. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

**(a) Eolas Ginearálta**

Bunaíodh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí i 1975 i gcomhréir le forálacha an Achta fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975. Is iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin an dlí a choimeád faoi athbhreithniú, tabhairt faoi thaighde ag féachaint leis an dlí a athchóiriú agus tograí a chruthú le haghaidh athchóiriú an dlí agus an reachtaíocht a dhéanamh inrochtana do chách.

**(b) Ráiteas comhlíontachta**

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 i gcomhréir le FRS102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an CTA), arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

**(c) Bonn an ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar a luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le hearraí a mheastar atá ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Choimisiúin.

**(d) Airgeadra**

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€) arb é airgeadra feidhmeach an Choimisiúin chomh maith.

**(e) Ioncam**

<u>Deontais an Oireachtais</u>

Aithnítear Deontais an Oireachtais ar bhonn fáltais airgid thirim.

<u>Ioncam Eile</u>

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhruithe.

**(f) Feabhsúcháin ar an Áitreabh ar Léas, Trealamh Oifige agus Daingneáin agus Feistis**

Luaitear feabhsúcháin ar áitribh ar léas, trealamh oifige agus daingneáin agus feistis ar a gcostas lúide dímheas carnach, agus coigeartaítear iad d’aon soláthar do bhearnú.

**(f) Dímheas**

Cuirtear dímheas ar fáil ar gach feabhsúchán ar an áitreabh ar léas, trealamh oifige agus daingneáin agus feistis ar rátaí a mheastar a dhéanann an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh shaol measta geilleagrach na sócmhainne sin, mar seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Feabhsúcháin an Áitribh ar Léas | - | I gcaitheamh Thréimhse an Léasa | |
| Trealamh Oifige | - | 20% | líne dhíreach |
| Daingneáin agus Feistis | - | 10% | líne dhíreach |

Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí faoi láthair i ndiaidh sócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a asbhaint, má bhí aois bainte amach ag an tsócmhainn cheana féin agus má bhí an bhail uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáide.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil i leith lagú luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain.

Ní raibh aon lagú in 2020.

**(g) Infháltais**

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha.

Is soláthar sonrach é an soláthar i leith fiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh an Coimisiún in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i leith fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta.

**(h) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim i gcaitheamh shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh thréimhse an léasa, seachas nuair a bhaineann méaduithe cíosa leis an ráta ionchasach boilscithe, agus aithnítear na méaduithe seo sa chás seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear i gcaitheamh shaolré an léasa.

(i) **Sochair Fostaí**

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana le figiúirí na nEarraí Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Bhunaigh an Coimisiún a scéimeanna pinsin féin le sochar sainithe faoi alt 11 agus 12 den Acht fán gCoimisiúin um Athchóiriú an Dlí, 1975 agus scéimeanna comhfhreagracha ranníocacha do chéilí agus leanaí faoi shocruithe riaracháin. Cistítear na scéimeanna gach bliain ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a sholáthair an an Vóta d'Oifig an Ard-Aighne agus ó ranníocaíochtaí a asbhaineadh ó thuarastail foirne agus bhall.

Oibríonn an Coimisiún Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA) trí Oifig an Ard-Aighne.

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a aisíoctar le hOifig an Ard-Aighne. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ó Oifig an Ard-Aighne.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar luach cóir, a eascraíonn ó oibleagáidí pinsin an Choimisiúin agus as aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta inar thuill fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

**(j) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla**

Is gá bainistíocht a dhéanamh ar ullmhú na ráiteas airgeadais chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dháta an chláir chomhardaithe agus na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin siúd. D'imir na breithiúnais seo a leanas an tionchar ba shuntasaí ar shuimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

<u>Dímheas agus Luach Iarmharach</u>

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na saolréanna sócmhainne agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme shócmhainne seasta agus, go háirithe, saolré úsáideach gheilleagrach agus luachanna iarmharacha Feabhsúchán ar Áitreabh ar Léas, Daingneáin agus Feistis agus Trealamh Oifige, agus bhain siad an tátal as go bhfuil saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha cuí.

<u>Oibleagáidí Sochair Scoir</u>

Cinntear na toimhdí atá faoi na luachálacha achtúireacha a ndéantar cinneadh orthu i dtaobh na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, ráta méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus treorátaí costas cúram sláinte) gach bliain bunaithe ar choinníollacha reatha geilleagracha, agus i dtaobh aon athruithe a thagann ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin
**(ii)** leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha margadh saothair amach anseo
(iii) treorátaí costas cúram sláinte, rátaí an bhoilscithe ar an gcostas leighis sna réigiúin ábhartha

**2. COIGEARTÚ NA BLIANA ROIMHE SEO**

**Earráid Ábhartha san Oibleagáid Pinsin le Sochar Sainithe**

Rinneadh gannlua €191,000 ar an gCaillteanas Achtúireach don bhliain 2019. Rinneadh seo a athlua anois mar €1,177,000. Mar iarmhairt, rinneadh an oibleagáid phinsin le sochar sainithe amhail an 31 Nollaig 2019 a athlua anois ag €5,266,000.

**3. Deontas an Oireachtais**

Cuimsítear i nDeontas an Oireachtais a vótáladh chuig an gCoimisiún ó Oifig an Ard-Aighne (Vóta 3 Fotheideal A4) mar a thaispeántar sna ráitis airgeadais:

| | 2020 | 2019 |
|---|---:|---:|
| | € | € |
| | 2,129,282 | 2,073,350 |

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint) - an Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020**

## 4. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cuntais Reatha Bainc | **81,380** | **118,256** |
| Mionairgead | **104** | **206** |
| | **81,484** | **118,462** |

## 5. An Cuntas Caipitil

Is é an t-iarmhéid sa Chuntas Caipitil luach neamhamúchta na gcistí a úsáideadh chun sócmhainní seasta a fháil.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | 483,274 | 447,894 |
| Cuir leis: An méid a caitheadh chun sócmhainní seasta a cheannach | 44,576 | 132,219 |
| Lúide dímheas sócmhainní seasta | 115,486 | 96,839 |
| Lúide: Diúscairtí sócmhainní seasta - Costas | | |
| Cuir leis: Dímheas Carntha ar Diúscairt | | |
| Iarmhéid Deiridh | 412,364 | 483,274 |

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint) - an Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020**

**6. Costais Foirne**

Ba é an meánlíon fostaithe agus costais phárolla chomhiomlána a tabhaíodh i rith na bliana airgeadais:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Meánlíon na bhfostaithe | 18 | 18 |
| | € | € |
| Pá agus tuarastail | 1,266,542 | 1,146,968 |

Áirítear leis na figiúirí thuas na tuarastail (agus costais, más ann dóibh) an Uachtaráin agus an Choimisinéara lánaimseartha, a bhfuil na sonraí fúthu thíos mar seo a leanas.

| Ainm an | 2020 | | | 2019 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gCruinnithe | – | Costais | Líon na gCruinnithe | – | Costais |
| | | € | € | | € | € |
| **Uachtarán** | 11 | 49,008 | - | 11 | 49,008 | - |
| **Coimisinéir Lánaimseartha** | 11 | 151,955 | - | 10 | 148,665 | - |
| **Coimisinéirí Páirtaimseartha** | | | | | | |
| An tUasal Tom O'Malley | 7 | - | 296 | 8 | - | 4,074 |
| An tOllamh Donncha O'Connell | 8 | - | 668 | 10 | - | 5,422 |
| An Breitheamh Onórach Carmel Stewart | 8 | - | - | 9 | - | - |
| An Breitheamh Onórach Maurice Collins | 3 | - | - | | | |
| An Breitheamh Onórach Richard Humphreys | 3 | - | - | | - | - |
| | | | | | [illegible] | [illegible] |
| An Dr Andrea Mulligan | 3 | - | - | | | |

| | | |
|---|---|---|
| (Abhcóide) | | |
| **Iomlán** | **200,963** | **964** |

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí**

Léirítear sa tábla thíos an méid luach saothair fostaí os cionn €60,000.

| € | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| 60,000 - 69,99! | | 1 | | 1 |
| 70,000 - 79,999 | | 3 | | 3 |
| 80,000 - 89,99! | | - | | - |
| 90,000 - 99,999 | | - | | 1 |
| 100,000 - 109,99! | | - | | 1 |
| 110,000 - 119,99! | | 2 | | - |
| 120,000 - 129,999 | | - | | - |
| 130,000 - 139,999 | | - | | - |
| 140,000 - 149,999i | | 1 | | 1 |

**Sochair Chomhiomlána Fostaí**

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | € | | € |
| Sochair Ghearrthéarmacha Foirne | | 1,266,542 | | 1,146,968 |
| Sochair Foirceanta | | - | | - |
| Costais Sochair Scoir | | 63,114 | | 197,355 |
| **Iomlán** | | **1,329,656** | | **1,344,323** |

Ba é an líon iomlán foirne a bhí fostaithe (coibhéis lánaimseartha) ag

deireadh na bliana 18 (2019:18) Níorbh ann d'aon sochair foirceanta in

2020.

**An Príomhphearsanra Bainistíochta**

Ba é luach saothair iomlán iad siúd a bhfuil tionchar/cinnteoireacht shuntasach acu €447,670 (€408,077 in 2019). Áirítear leis seo an tUachtarán, na Coimisinéirí agus comhaltaí an choiste bainistíochta.

Asbhaineadh €38,284 ón bhfoireann tríd an tobhach pinsin agus íocadh é le hOifig an Ard-Aighne (€35,920 in 2019).

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint) - an Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020**

## 7. Léas Oibriúcháin

D'iontráil an Coimisiún léas ocht mbliana i Lúnasa 2017 leis an 5ú hUrlár de Theach Styne, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 a áitiú.

Fuair an Coimisiún tréimhse léasa saor ó chíos 5 mhí. Rinneadh an muirear seo a leathadh i gcaitheamh na saolré ocht mbliana i gcomhréir le FRS 102.

Íocadh CBL €206,029 de chuid an 4ú Sceideal in 2017 ar an léas. Rinneadh seo a chaipitliú faoi Fheabhsúcháin ar an Áitreabh ar Léas agus tá sé á dhímheas i gcaitheamh na tréimhse léasa ocht mbliana.

Comhaontaíodh go raibh athbhreithniú cíosa éifeachtach ón 15 Feabhra 2020 ar feadh tréimhse 5 bliana i Nollaig 2020.

### Ceangaltais Léasa

Bhí na híocaíochtaí íosta léasa amach anseo seo a leanas ag an gCoimisiún an 31 Nollaig 2020 faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Iníoctha laistigh de bhliain amháin** | **352,730** | **260,75q** |
| **Iníoctha laistigh de idir dhá agus cúig bliana** | **1,116,98(** | **1,525,00** |

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint) - an Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020**

## 8. Costais sochair scoir

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| | | | faoi mar a athluadh |
| **(a)** | **Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a gearradh ar chaiteachas** | 325,000 | 125,000 |
| | Costas Seirbhíse Reatha | | |
| | Costas Seirbhíse Roimhe Seo | | |
| | Ús ar na costais sochair scoir a gearradh ar chaiteachas | 55,000 | 75,000 |
| | Ranníocaíochtaí fostaí | (2,998) | (2,645) |
| | | 377,002 | 197,355 |
| **(b)** | **Gluaiseacht ar ghlansochar scoir le linn na bliana airgeadais** | | |
| | Glandliteanas sochair scoir an 1 Eanáir | 5,266,000 | 3,950,000 |
| | Costas Seirbhíse Reatha | 325,000 | 125,000 |
| | Costas Seirbhíse Roimhe Seo | | |
| | Costas Úis | 55,000 | 75,000 |
| | Caillteanais/(gnóthachain) achtúireacha | 352,000 | 1,177,000 |
| | Sochar scoir a íocadh sa bhliain | (63,000) | (61,000) |
| | Glandliteanas sochair scoir an 31 Nollaig | 5,935,000 | 5,266,000 |

**(c) Cistiú iarchurtha do shochair scoir**

Aithníonn an Coimisiún suimeanna atá le híoc ón Stát don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do shochar scoir ar bhonn roinnt imeachtaí roimhe seo. I measc na n-imeachtaí seo, tá an tacaíocht reachtúil do scéimeanna Aoisliúntais agus an beartas agus an cleachtas maidir le sochar scoir seirbhíse poiblí a chistiú, ranníocaíochtaí san áireamh ag fostaithe agus an próiseas a bhaineann le meastacháin bhliantúla. Cé nach ann d'aon chomhaontú foirmiúil agus nach bhfuil aon ráthaíocht ann, dá bharr, maidir leis na suimeanna sonracha seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc go céimnitheach as an tsuim seo i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Seo a leanas an Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Glanchistiú iarchurtha do Shochair Scoir sa bhliain** | | |
| Cistiú atá inghnóthaithe maidir le costais sochair scoir na bliana reatha | 380,000 | 200,000 |
| Deontas stáit a úsáideadh chun pinsinéirí a íoc | (63,000) | (61,000} |

| | |
|---|---|
| 317,000 | 139,000 |

B′ionann an tsócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2020 agus

€5,935,000 (2019: €5,266,000)

**(d) Stair na n-oibleagáidí le sochar sainithe**

| | 2020 | 2019 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Oibleagáidí le sochar sainithe | **5,935,000** | **5,266,000** | **3,950,000** | **3,345,000** |
| (Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar Mhéid na nDliteanas Scéime | **352,000** | 1,177,000 | **510,000** | **19,000** |
| Céatadán de luach reatha Dhliteanais na Scéime | 6% | **22%** | **13%** | **0.6%** |

Is ionann (na gnóthachain) agus na caillteanais charnacha achtúireacha a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus €2,611,900 amhail an 31 Nollaig 2020 (2019: € 2,259,900).

**(e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim**

Bhunaigh an Coimisiún a scéimeanna pinsin féin le sochar sainithe faoi alt 11 agus 12 den Acht fán gCoimisiúin um Athchóiriú an Dlí, 1975 agus scéimeanna comhfhreagracha ranníocacha do chéilí agus leanaí faoi shocruithe riaracháin. Cistítear na scéimeanna gach bliain ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a sholáthair an Vóta d'Oifig an Ard-Aighne agus ó ranníocaíochtaí a asbhaineadh ó thuarastail foirne agus bhall. Oibríonn an Coimisiún Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA) trí Oifig an Ard-Aighne.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh do Nochtadh FRS102 ar luacháil iomlán achtúireach a rinneadh ag gach dáta a rinne achtúire neamhspleách cáilithe agus riachtanais FRS 102 á gcur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais scéime an 31 Nollaig 2020.

| **Toimhdí** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Ráta an mhéadaithe ionchasaigh ar thuarastal | 2.5% | 2.5% |
| Ráta an mhéadaithe ar íocaíocht phinsin | 2% | 2.5% |
| Ráta Lascaine | **0.8%** | 1% |
| Boilsciú | 1.75% | 1.75% |

Cuireann na rátaí mortlaíochta a glacadh feabhsúcháin ar ionchas saoil le himeacht ama san áireamh, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ar scor ar an mbliain ina mbaineann comhalta aois scoir amach (aois 65). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil le haghaidh comhaltaí atá 65 bliain d'aois in 2020 agus **2019**.

| An bhliain a bhaintear aois 65 amach | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - Fir | 21.7 | 21.5 |
| Ionchas saoil - mná | 24.1 | 24 |

## 9 Sócmhainní inláimhsithe

| | Feabhsúcháin ar an Áitreabh ar Léas | Trealamh Oifige | Daingneáin agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | |
| An 1 Eanáir 2020 | 330,829 | 1,240,296 | 625,252 | 2,196,377 |
| Breisiúcháin | | 43,274 | 1,302 | 44,576 |
| **An 31 Nollaig 2020** | **330,829** | **1,283,570** | **626,554** | **2,240,953** |
| **Dímheas** | | | | |
| An 1 Eanáir 2020 | 95,193 | 1,031,132 | 586,778 | 1,713,103 |
| Muirear don bhliain airgeadais | 41,354 | 69,413 | 4,719 | 115,486 |
| **An 31 Nollaig 2020** | **136,547** | **1,100,545** | **591,497** | **1,828,589** |
| **Suim ghlanluacha** | | | | |
| **An 31 Nollaig 2020** | **194,282** | **183,025** | **35,057** | **412,364** |
| An 31 Nollaig 2019 | 235,636 | 209,164 | 38,474 | 483,274 |

## 10. Infháltais

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Infháltais Eile | 4,107 | 1,664 |
| Réamhíocaíochtaí | 213,020 | 170,510 |
| | 217,127 | 172,174 |

## 11. Suimeanna Iníoctha

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe eile | 9,164 | |
| Cáin agus árachas sóisialach: | | |
| ÍMAT agus leas sóisialach | 33,893 | 30,243 |
| CBL | 6,297 | 22,852 |
| PSWT | 1,620 | 4,975 |
| Fabhruithe | 56,629 | 31,360 |
| Fabhrú na tréimhse léasa saor ó chíos < 1 bhl. | 12,926 | 12,926 |
| | 120,529 | 102,356 |

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint) - an Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020**

## 12. Dliteanais: suimeanna atá dlite i ndiaidh bliain amháin.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fabhrú na tréimhse léasa saor ó chíos < 1 bhl. | 51,703 | **64,629** |

## 13. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil gan íoc ag an gCoimisiún amhail an 31 Nollaig 2020.

## 14. Nochtadh Páirtí Ghaolmhair

Áirítear leo siúd a bhfuil tionchar suntasach acu/a dhéanann cinnteoireacht sa Choimisiún an tUachtarán, na Coimisinéirí agus comhaltaí an choiste bainistíochta. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpearsanra ag a bhfuil tionchar suntasach/a dhéanann cinnteoireacht agus €447,670 in 2020 (2019: €408,077)

Chun teacht ar mhiondealú ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, féach Nóta 5, le do thoil.

Glacann an Coimisiún le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le leasanna pearsanta Chomhaltaí an Choimisiúin. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an Coimisiún deontais a fhaomhadh nó iontráil isteach i socruithe conarthacha eile le haonáin ina bhfostaítear Comhaltaí an Choimisiúin nó ina mbíonn leas acu ar bhealach eile.

Ghlac an Coimisiún le nósanna imeachta i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) i dtaca le leasanna a nochtadh ag baill an Choimisiúin, agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. Níorbh ann d'aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh aon leas tairbhiúil ag na comhaltaí.

## 15. Covid-19

I gcomhréir le FRS 102, teagmhas Iarchlár Comhardaithe nach ndéantar coigeartú air é COVID-19 agus ní imrítear aon tionchar ar na ráitis airgeadais don bhliain 2020. Leanfaidh an Coimisiún le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn rioscaí atá ag teacht chun cinn i gcaitheamh 2021, aon chostais nó laguithe san áireamh a d'fhéadfadh a bheith le léiriú i Ráitis Airgeadais 2021.

## 16. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Coimisiún na ráitis airgeadais ag a chruinniú an 13 Bealtaine 2021.